TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 13 Feabhra 2025[1]

Cás C-417/23

Slagelse Almennyttige Boligselskab,
Afdeling Schackenborgvænge
v
MV,
EH,
LI,
AQ agus LO,
páirtithe uamtha:
BL – Danmarks Almene Boliger,
Institut for Menneskerettigheder
agus
XM,
ZQ,
FZ,
DL,
WS,
JI,
PB,
VT,
YB,
TJ,
RK
v
Social-, Bolig- og Ældreministeriet,
páirtithe uamtha:
Institut for Menneskerettigheder,
FN særlige rapportør E. Tendayi Achiume,
FN særlige rapportør Blakrishnan Rajagopa

(Iarraidh ar réamhrialú ón Østre Landsret - Nordhavn (Ard-Chúirt Oirthear na Danmháirge, an Danmhairg))

[1] Bunteanga: an Béarla.

(Tarchur chun réamhrialú — Treoir 2000/43/CE — Cóir chomhionann idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach — Reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear pleananna forbartha a ghlacadh i limistéir chónaithe áirithe a ainmnítear mar 'chumainn chomhthreomhara' — Critéar 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' — Coincheapa maidir le 'tionscnamh eitneach', 'idirdhealú díreach' agus 'idirdhealú indíreach')

I. Réamhrá

1. Leis an gcás seo, ceanglaítear ar an gCúirt gnéithe áirithe den Treoir maidir le Cine nó maidir le Tionscnamh Eitneach a léiriú.[2] Go háirithe, tá an deis ag an gCúirt tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh ar an méid a thuigtear leis an gcoincheap 'tionscnamh eitneach' sa Treoir sin, agus coincheapa an idirdhealaithe dhírigh agus indírigh a theorannú.

2. Eascraíonn an tagairt seo as roinnt díospóidí os comhair na gcúirteanna náisiúnta sa Danmhairg maidir le reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear pleananna forbartha a ghlacadh d'aonaid tithíochta poiblí i limistéir chónaithe áirithe ar a dtugtar 'cumainn chomhthreomhara' ('geiteonna' roimhe seo), a ainmnítear amhlaidh mar gheall ar fhormhór an daonra sna limistéir sin a bheith ina 'n-inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad'. Beidh rialú na Cúirte sa chás seo cinntitheach freisin i gcás roinnt cásanna eile atá ar feitheamh os comhair cúirteanna eile de chuid na Danmhairge.[3]

II. An cúlra, na ceisteanna a tharchuirtear agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

A. Dlí ábhartha na Danmhairge

3. In 2010, chuir Ríocht na Danmhairge Mír 61a san Almenboligloven (an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí).[4] Leasaíodh an Dlí sin faoi dhó ina dhiaidh sin, ar dtús in 2018, nuair a glacadh an scéim atá i gceist sa chás seo agus, ansin, in 2021 nuair a tugadh isteach leasuithe áirithe, leasuithe téarmaíochta den chuid is mó, ('an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí'). Tháinig an téarma 'sochaí chomhthreomhar' in ionad an téarma 'geiteo', agus tháinig an téarma 'limistéar claochlaithe' in ionad an téarma roimhe sin 'limistéar cruagheiteo'.

4. Is iad na príomhfhorálacha atá ábhartha do na díospóidí sna príomhimeachtaí ná míreanna 61a, 168a agus 168b den Dlí sin maidir le Tithíocht Phoiblí.

5. Sainaithnítear i mír 61a trí chineál limistéar tithíochta poiblí.

[2] Treoir 2000/43/CE ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach (IO 2000 L 180, lch. 22; 'an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach').

[3] Léirítear le mír 2 den iarraidh ar réamhrialú go bhfuil ceisteanna comhchosúla á scrúdú freisin i roinnt cásanna eile os comhair chúirteanna na Danmhairge, lena n-áirítear seacht gcás os comhair an Højesteret (an Chúirt Uachtarach, an Danmhairg) agus dhá chás os comhair an retten i Aarhus (an Chúirt Dúiche Aarhus, an Danmhairg). Chinn an Højesteret (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na cásanna atá os a comhair, go dtí go ndéanfaidh Cúirt Bhreithiúnais réamhcheisteanna sna cásanna sin a bhreithniú.

[4] Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara ag an tús gurb é Dlí maidir le Tithíocht *Shóisialta* an t-aistriúchán bunaidh ar theideal an dlí sin. Ag an éisteacht, áfach, mhínigh MV agus páirtithe eile, lena n-áirítear BL, go bhfuil an t-aistriúchán sin míthreorach, agus nach bhfuil an tithíocht den chineál atá á rialáil ag an dlí ar fáil ach do dhaoine a bhfuil cúnamh sóisialta de dhíth orthu, ach do chónaitheoirí uile na Danmhairge. Ar an gcúis sin, chinn mé an teideal a aistriú mar an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, rud is cosúil a bheith níos oiriúnaí.

6. Ar an gcéad dul síos, is éard is ‘limistéar tithíochta leochaileach’ ann limistéar a chomhlíonann dhá cheann ar a laghad de na ceithre chritéar seo a leanas (‘na critéir shocheacnamaíocha’):

‘(1) Tá cion na gcónaitheoirí idir 18 agus 64 bliana d’aois nach bhfuil aon nasc acu leis an margadh saothair ná leis an oideachas os cionn 40 %, arna ríomh mar an meán le 2 bhliain anuas.

(2) Tá cion na gcónaitheoirí a chiontaítear i gcionta faoin gCód Coiriúil, faoin Acht um Airm nó faoin Acht Drugaí trí oiread an mheáin náisiúnta ar a laghad, arna ríomh mar an meán le 2 bhliain anuas.

(3) Tá céatadán na gcónaitheoirí idir 30 agus 59 bliain d’aois nach bhfuil ach bunoideachas acu os cionn 60 %.

(4) Tá meán-ollioncam na gcáiníocóirí idir 15 agus 64 bliana d’aois sa limistéar, cé is moite díobh siúd atá ag lorg oideachais, níos lú ná 55 % den mheán-ollioncam le haghaidh an ghrúpa chéanna sa réigiún.’ [5]

7. Ar an dara dul síos, is limistéar é ‘sochaí chomhthreomhar’ (‘geiteo’ roimhe seo) a chomhlíonann dhá cheann de na ceithre chritéar shocheacnamaíocha, amhail limistéar tithíochta leochaileach, ach ina bhfuil, *ina theannta sin*, níos mó ná 50 % de na cónaitheoirí ina ‘n-inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’. [6]

8. Ar an tríú dul síos, is limistéar é ‘limistéar claochlaithe’ (‘cruagheiteo’ roimhe seo) a chomhlíon critéir chomhthreomhara na sochaí le 5 bliana anuas. [7]

9. Foilsíonn an aireacht inniúil liosta de na limistéir tithíochta éagsúla sin an 1 Nollaig gach bliain. [8]

10. Ní shainmhínítear na téarmaí ‘Iarthar’ agus ‘Neamh-Iarthar’ sa Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí. Tugann an chúirt a rinne an tarchur le fios, áfach, gur tógadh iad ó Danmarks Statistik (Staitisticí na Danmhairge), a tharraing suas iad chun críoch staidrimh. I ndáil leis sin:

‘I measc thíortha an Iarthair tá an tAontas Eorpach, Andóra, an Astráil, Ceanada, an Íoslainn, Lichtinstéin, Monacó, an Nua-Shéalainn, an Iorua, San Mairíne, an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Stát Chathair na Vatacáine.

I measc na dtíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad tá an Albáin, an Bhealarúis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Chosaiv, an Mhacadóin, an Mholdóiv, Montainéagró, an Rúis, an tSeirbia, an tAontas Sóivéadach, an Tuirc, an Úcráin agus an Iúgslaiv. Gach tír san Afraic, i Meiriceá Theas agus Láir agus san Áise. Gach tír san Aigéine (seachas an Astráil agus an Nua-Shéalainn) agus daoine gan stát.’

11. Míníonn an chúirt a rinne an tarchur freisin gur duine a rugadh thar lear é ‘inimirceach’ agus nach sa Danmhairg a rugadh ceachtar dá thuismitheoirí ach an oiread ná gur saoránaigh de chuid na Danmhairge iad. Is ‘sliochtach’ é duine a rugadh sa Danmhairg, ach nár rugadh ceachtar dá

[5] Mír 61a(1) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.

[6] Mír 61a(2) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.

[7] Mír 61a(4) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.

[8] Mír 61a(6) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.

thuismitheoirí sa Danmhairg agus gur saoránaigh de chuid na Danmhairge iad, nó a choinníonn a thuismitheoirí, fiú má rugadh sa Danmhairg iad agus má fuair siad náisiúntacht Dhanmhargach, a náisiúntacht eachtrach freisin.

12. I gcás na limistéir a ainmnítear mar limistéir chlaochlaithe, ceanglaítear leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí go ndéanfar bearta áirithe. Dá bhrí sin, foráiltear le Mír 168a(1) den Dlí sin nach mór do na cumainn tithíochta poiblí ar leo limistéir den sórt sin, in éineacht leis an gcomhairle bardasach, plean forbartha a tharraingt suas. Ní mór don Social-, Bolig- og Ældreministeriet (an tAire Gnóthaí Baile agus Tithíochta, an Danmhairg) an plean forbartha sin a fhormheas.

13. Faoi Mhír 168b(1) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, ní mór don chomhlachas tithíochta sóisialta agus don chomhairle bardasach a leagan amach sa phlean forbartha conas a laghdófar cion na n-aonad tithíochta poiblí sna limistéir chlaochlaithe go 40 % faoin 1 Eanáir 2030.

14. Chun an sprioc sin a bhaint amach, d'fhéadfadh sé a bheith beartaithe sa phlean forbartha, i measc nithe eile, réadmhaoin a dhíol le forbróirí príobháideacha nó tithíocht teaghlaigh a scartáil nó a thiontú ina tithíocht do dhaoine óga. I gcásanna den sórt sin, ní mór léas na dtionóntaí roimhe sin a fhoirceannadh. Foráiltear leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí go bhfuil sé de dhualgas ar an gcomhairle bhardasach réiteach athchóireála a fháil do thionóntaí den sórt sin agus a gcostais a chlúdach.

B. Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear

15. Baineann na díospóidí sna príomhimeachtaí le dhá limistéar claochlaithe éagsúla: Ringparken, limistéar de chuid bhardas Slagelse, agus Mjølnerparken i gCóbanhávan (an Danmhairg).

16. Tá Ringparken faoi úinéireacht na cuideachta tithíochta Slagelse Almennyttige Boligselskab ('SAB').[9] Ainmníodh é mar 'limistéar cruagheiteo' ('limistéar claochlaithe' anois) le héifeacht ón 1 Nollaig 2018 toisc gur chomhlíon an limistéar tithíochta sin gach ceann de na ceithre chritéar shocheacnamaíocha, agus, ina theannta sin, bhain 55.6 % dá chónaitheoirí leis an gcatagóir 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad'.

17. An 17 Feabhra 2020, i gcomhréir leis an bplean forbartha don limistéar sin, rinne SAB 17 léas a fhoirceannadh in Schackenborgvænge.[10] Rinneadh na foirceannadh i gcomhréir leis na critéir fhormheasta, agus níor roghnaíodh na tionóntaí ar foirceannadh a léasanna, de réir na faisnéise a soláthraíodh, ar bhonn cé acu 'inimircigh nó a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad'.[11] Tairgeadh athchóiríocht bhuan do na tionóntaí.[12]

[9] Is cuideachta phoiblí neamhbhrabúis é SAB a bhaineann le Bardas Slagelse https://www.dabbolig.dk/slagelse-almennyttige-boligselskab/.

[10] Ag an éisteacht, mhínigh SAB gur ndéanfadh an plean forbartha bloc Schackenborgvænge a athrú ó bhonn, toisc go raibh an líon íosta léasanna a d'fhéadfaí a fhoirceannadh mar thoradh air sin. Dhíol SAB Schackenborgvænge le Estate Invest A/S, cé go bhfuil SAB fós an t-éilitheoir sna príomhimeachtaí ina dhiaidh sin.

[11] Ba iad na critéir a úsáideadh ná na critéir a forordaíodh le haghaidh incháilitheachta do thithíocht phoiblí i limistéir chlaochlaithe, is é sin gan aon ciontuithe coiriúla laistigh den teaghlach le 6 mhí anuas agus leibhéal áirithe ioncaim.

[12] Cuireann na tionóntaí sna príomhimeachtaí i gcoinne choibhéis mhéid agus phraghas na tairisceana tithíochta. In aon chás, is faoi inniúlacht na cúirte náisiúnta amháin a bheidh sé in ann na himthosca fíorasacha sin a chinneadh.

18. Baineann na chéad cheithre chás le cúigear tionóntaí a chuir i gcoinne foirceannadh a léasanna. Dá bhrí sin, thionscain SAB caingne os comhair na cúirte inniúla chun dearbhú a fháil nach mór do na tionóntaí sin a aithint go bhfuil foirceannadh a léasanna dleathach. [13]

19. Baineann an cúigiú cás le limistéar claochlaithe Mjølnerparken i gCóbanhávan arna bhainistiú ag an gcomhlachas tithíochta Bo-Vita. [14]

20. An 1 Nollaig 2018, ainmníodh Mjølnerparken mar 'limistéar cruagheiteo' ('limistéar claochlaithe' anois) toisc gur chomhlíon sé trí cinn de na ceithre chritéar shocheacnamaíocha agus toisc gur bhain thart ar 80 % de na cónaitheoirí sa limistéar sin leis an gcatagóir 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad'. [15]

21. An 8 Bealtaine 2019, ar an mbonn sin, dhréachtaigh Bo-Vita plean forbartha, a d'fhormheas an aireacht inniúil an 10 Meán Fómhair 2019. Bhain an plean le bloic árasán áirithe a dhíol. Dá réir sin, thit sé ar an gcomhlachas sin léasanna na dtionóntaí, ar tairgeadh athchóiríocht dóibh.

22. An 27 Bealtaine 2020, thug 11 chónaitheoir Mjølnerparken caingean i gcoinne na haireachta inniúla, ag maíomh go bhfuil a fhormheas ar an bplean forbartha do Mjølnerparken neamhbhailí, *inter alia*, toisc go bhfuil an plean bunaithe ar mhír 61a(4) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, lena sainítear limistéir chlaochlaithe. D'áitigh an aireacht gur cheart an chaingean a dhíbhe.

23. Cuireadh na cúig chás sin faoi bhráid Østre Landsret (Ard-Chúirt Oirthear na Danmhairge, an Danmhairg), an chúirt a rinne an tarchur sa chás seo, lena scrúdú ag an gcéad chéim, ós rud é go meastar go n-ardaíonn na cásanna saincheisteanna prionsabail.

24. Tá amhras ar an gcúirt sin an bhfuil an reachtaíocht náisiúnta comhoiriúnach leis an Treoir maidir le Cine nó le Tionscnamh Eitneach.

25. Agus cúlra an cháis á mhíniú aici, tugann an chúirt a rinne an tarchur le fios, roimh leasuithe 2018, gur dhréachtaigh Rialtas na Danmhairge straitéis dar teideal 'Ét Danmark uden parallelsamfund – Ingen ghettoer i 2030' ('An Danmhairg gan sochaithe chomhthreomhara – Gan geiteonna 2030), [16] inar leagadh béim ar an mian go mbeadh an Danmhairg comhtháite 'gan sochaithe comhthreomhara' i measc daoine a bhfuil cúlra ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad acu. Tagann sé chun solais freisin ón ord tagartha 'gurb é an dúshlán lárnach i sochaithe comhthreomhara easpa lánpháirtithe na n-inimirceach agus a sliocht ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad'.

[13] Ón 1 Nollaig 2021, ní aicmítear Ringparken mar limistéar claochlaithe a thuilleadh, toisc nach gcomhlíonann sé na critéir shocheacnamaíocha a thuilleadh. Mar sin féin, tá sé fós d'oibleagáid ar an SAB an plean forbartha formheasta don cheantar sin a chur chun feidhme.

[14] Is comhlachas tithíochta poiblí é Bo-Vita freisin a bunaíodh in 1951.

[15] Ón 1 Nollaig 2023, ní mheastar a thuilleadh gur 'limistéar claochlaithe' é Mjølnerparken, toisc gur tháinig laghdú ar líon na gcónaitheoirí go níos lú ná 1 000.

[16] Rialtas na Danmhairge, an 1 Márta 2018, 'Ét Danmark uden parallelsamfund Ingen ghettoer i 2030', 1 Márta 2018: ar fáil ag https://www.regeringen.dk/media/4937/publikation_%C3%A9t-danmark-uden-parallelsamfund.pdf

26. Sna himthosca sin, tharchuir Østre Landsret (Ard-Chúirt Oirthear na Danmhairge) na ceisteanna seo a leanas chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) An gcaithfear an téarma “tionscnamh eitneach” in Airteagal 2(2)(a) agus (b) den [Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach] a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis an téarma sin, in imthosca amhail na himthosca sin sa chás seo — i gcás, faoi Dhlí na Danmhairge maidir le [Tithíocht Phoiblí], inar gá laghdú a dhéanamh ar chion na tithíochta teaghlaigh sóisialta i “limistéir chlaochlaithe”, agus i gcás inar coinníoll é le haghaidh aicmiú mar limistéar claochlaithe gur “inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad” iad níos mó ná 50 % de chónaitheoirí i limistéar tithíochta — grúpa daoine a shainmhínítear mar “inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad”?

(2) Má thugtar freagra dearfach go hiomlán nó go páirteach ar an gcéad cheist, an gcaithfear Airteagal 2(2)(a) agus (b) a léiriú sa chaoi gurb ionann an scéim a thuairiscítear sa chás seo agus idirdhealú díreach nó indíreach?’

C. Dul chun cinn na n-imeachtaí sa chás seo

27. Chuir SAB, XM agus páirtithe eile, BL, barúlacha i scríbhinn faoi bhráid na Cúirte - Danmarks Almene Boliger (BL - Tithíocht Phoiblí na Danmhairge; ‘BL’), an Institut for Menneskerettigheder (Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine), Rapóirtéirí Speisialta na Náisiún Aontaithe E. T. Achiume agus B. Rajagopa, Rialtas na Danmhairge, Rialtas na Spáinne agus an Coimisiún Eorpach.

28. Tionóladh éisteacht an 30 Meán Fómhair 2024 inar chuir SAB, MV agus páirtithe eile, XM agus páirtithe eile, BL, Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine, Rapóirtéirí Speisialta na Náisiún Aontaithe E. Tendayi Achiume agus B. Rajagopa, Rialtas na Danmhairge agus an Coimisiún Eorpach a bpléadálacha i láthair.

III. Anailís

A. Struchtúr na Tuairime seo

29. Ceanglaítear leis an gcás seo ar an gCúirt an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach a léiriú in imthosca sonracha a eascraíonn as Dlí na Danmhairge maidir le Tithíocht Phoiblí.

30. Forchuirtear leis an dlí sin an oibleagáid ar chomhlachais tithíochta poiblí pleananna forbartha a ghlacadh, i gcomhaontú leis na húdaráis áitiúla faoi seach, arb é is aidhm dóibh líon na n-aonad tithíochta poiblí a ísliú go 40 % i gcomharsanachtaí atá ainmnithe mar limistéir chlaochlaithe (nó ‘geiteonna crua’ sa leagan níos luaithe den dlí céanna). Is é an rud a idirdhealaíonn limistéir den sórt sin ó chomharsanachtaí eile ina bhfuil staideanna socheacnamaíocha atá faoi mhíbhuntáiste inchomparáide ná go bhfuil níos mó ná 50 % de dhaoine iontu a ndéantar cur síos orthu mar ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’.

31. Sa dá limistéar claochlaithe atá ábhartha do na díospóidí atá ar feitheamh os comhair na cúirte a rinne an tarchur - Ringparken in Slagelse agus Mjølnerparken i gCóbanhávan - foirceannadh aontaobhach roinnt léasanna in aonaid tithíochta poiblí mar thoradh ar na pleananna forbartha.

32. An féidir iarmhairtí den sórt sin a d'eascair as an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí a shaintréithriú mar idirdhealú ar bhonn tionscnamh eitneach, contrártha leis an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach?

33. Is é is aidhm don Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach deireadh a chur le hidirdhealú ar an dá fhoras sin amháin: cine agus eitneacht; cumhdaítear forais thoirmiscthe eile le treoracha éagsúla de chuid an Aontais. [17]

34. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an Treoir sin ach amháin más féidir a thuiscint go bhfuil idirdhealú idir inimircigh de chuid an Iarthair agus inimircigh nach de chuid an Iarthair iad agus a sliochtaigh bunaithe ar an gcritéar maidir le 'tionscnamh eitneach'. Ar mhaithe le gontacht, tagróidh mé don idirdhealú sin mar 'chritéar an Iarthair/neamh-Iarthair'.

35. Molfaidh mé don Chúirt go dtagann critéar an Iarthair/neamh-Iarthair faoin gcoincheap 'tionscnamh eitneach'. Ar an mbonn sin, molfaidh mé freisin go mbainfear de thátal as sin gur idirdhealú díreach é an t-idirdhealú a tharlaíonn dá bhrí sin. Tá m'anailís struchtúrtha mar seo a leanas.

36. Faoi cheannteideal C, agus mar fhreagra ar an gcéad cheist ón gcúirt a rinne an tarchur, léireoidh mé cén fáth ar cheart an critéar an Iarthair/neamh-Iarthair a thuiscint mar idirdhealú atá bunaithe ar chritéar tionscnaimh eitnigh.

37. Faoi cheannteideal D, agus mar fhreagra ar an dara ceist ón gcúirt a rinne an tarchur, áiteoidh mé gur cás d'idirdhealú díreach é an chóir dhíobhálach a eascraíonn as an reachtaíocht ábhartha atá bunaithe ar chritéar den sórt sin. Is amhlaidh atá, mar a mhíneoidh mé, d'ainneoin nach raibh rogha na ndaoine ar foirceannadh a léasanna faoi na pleananna forbartha bunaithe ar chritéar an Iarthair/neamh-Iarthair. Mura n-aontaíonn an Chúirt le mo thuairim, cuirfidh mé argóintí malartacha ar fáil bunaithe ar idirdhealú indíreach.

38. Sula ndéanfaidh mé anailís ar na saincheisteanna thuasluaite, tabharfar aghaidh faoi cheannteideal B ar dhá réamhcheist a bhaineann le hinfheidhmeacht na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach i leith imthosca an cháis seo.

B. Réamh-shaincheisteanna a bhaineann le raon feidhme na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach

1. Cén mír d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach faoina bhfuil an cás seo suite: (e), (f) nó (h)?

39. Baineann an chéad réamh-shaincheist, a d'ardaigh an Coimisiún, leis an gceist an dtagann an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí faoi raon feidhme mhír (e) cosaint shóisialta, lena n-áirítear slándáil shóisialta agus cúram sláinte, mír (f) buntáistí sóisialta nó mír (h) rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear tithíocht, d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

[17] Féach, mar shampla, Treoir 2000/78/CE an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16; an Chreat-Treoir Chomhionannais') agus Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO 2006 L 204, lch. 23)

40. Measann an Coimisiún gur cineál buntáiste sóisialta í tithíocht phoiblí agus, dá bhrí sin, go dtagann an cás seo faoi raon feidhme Airteagal 3(1)(f) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

41. É sin ráite, tar éis na mínithe a thug BL agus na tionóntaí ag an éisteacht sa dá chás – ag déanamh ionadaíochta ar an dá limistéar tithíochta poiblí éagsúla - agus tar éis dul i gcomhairle leis na rialacha maidir leis an gcóras tithíochta poiblí sa Danmhairg,[18] táim den tuairim gur seirbhís í tithíocht phoiblí na Danmhairge, agus dá bhrí sin gabhtar í le hAirteagal 3(1)(h) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

42. Is ionann tithíocht phoiblí agus 20 % de líon iomlán na dteaghlach sa Danmhairg agus tugtar tithíocht ar fáil do thart ar mhilliún duine. Déanann na comhlachais tithíochta poiblí tithíocht phoiblí do theaghlaigh a thógáil agus a ligean ar cíos. Tá beagnach 700 comhlachas den sórt sin de mhéid éagsúil scaipthe ar fud ceantair uirbeacha agus ceantair thuaithe. Is comhlachais neamhbhrabúis iad a bhfuil sé mar aidhm acu tithíocht inacmhainne a chur ar fáil d'áitritheoirí na Danmhairge. Níl aon teorainn ioncaim ar iontráil agus is féidir le duine ar bith os cionn 15 bliana d'aois clárú (ar tháille) ar liostaí feithimh. Tá cíos tithíochta níos ísle ná praghas an mhargaidh, toisc nach bhfuil sé i gceist leis ach costais oibriú na n-aonad tithíochta a chumhdach trí sholáthairtí le haghaidh cothabhála a chur leis. Mar sin féin, íocann na tionóntaí cíos iomlán as an tithíocht phoiblí a úsáid.

43. I bhfianaise na ngnéithe sin de chóras tithíochta poiblí na Danmhairge, táim den tuairim go dtagann imthosca an cháis seo faoi raon feidhme mhír (h) d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, a bhaineann le soláthar 'seirbhísí atá ar fáil don phobal, lena n-áirítear tithíocht'.

44. Tugtar tuilleadh tacaíochta do dhearcadh den sórt sin le stair reachtach na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach. Bhí tagairt sa togra bunaidh ón gCoimisiún do 'rochtain ar agus soláthar earraí agus seirbhísí' gan tagairt shainráite don tithíocht.[19] Chuir roinnt Ballstát i gcoinne earraí agus seirbhísí a áireamh faoi raon feidhme na Treorach sin. Is fiú a mheabhrú nár áiríodh soláthar earraí agus seirbhísí ina raon feidhme sa Treoir Réime maidir le Comhionannas a glacadh ag an am céanna, inar cumhdaíodh forais thoirmiscthe eile - reiligiún nó creideamh, míchumas, aois agus gnéaschlaonadh.[20] Ba comhréiteach é earraí agus seirbhísí 'atá ar fáil don phobal' a chur san áireamh i gcomhthéacs na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach. A mhéid a bhaineann le 'tithíocht san áireamh' a chur isteach, mhol Parlaimint na hEorpa an fhoclaíocht sin,[21] agus cuireadh san áireamh í sa togra leasaithe ón gCoimisiún.[22] A luaithe a comhaontaíodh an comhaontú maidir leis na 'hearraí agus na seirbhísí atá ar fáil don phobal' a

[18] Is féidir teacht ar na rialacha a bhaineann leis an gcóras tithíochta poiblí sa Danmhairg in Bekendtgørelse om ændring af bekendtgørelse om drift af almene boliger m.v. (Ordú Feidhmiúcháin lena leasaítear an tOrdú Feidhmiúcháin um Oibriú Tithíochta Poiblí), BEK nr 1368 af 28 Samhain 2018.

[19] Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach (COM(99) 566 final an 25 Samhain 1999).

[20] Féach, mar shampla, Airteagal 3 den Treoir sin.

[21] An Coiste um Shaoirsí agus Cearta na Saoránach, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, Tuarascáil ar an togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach (COM(1999) 566 – C5-0067/2000-1999/0253(CNS)) an 16 Bealtaine 2000.

[22] Togra leasaithe le haghaidh Treorach ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir daoine gan spleáchas do thionscnamh ciníoch nó eitneach - (COM/2000/0328 final) (IO 2000 C 311E, lch. 169).

áireamh faoi raon feidhme na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, 'ní raibh aon deacracht ann ansin an soiléiriú a fháil gur tháinig tithíocht faoin sainmhíniú ar earraí agus seirbhísí freisin.' [23]

2. An bhrí atá leis an gcéad abairt d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach

45. Baineann an dara réamh-shaincheist a ardaíodh ag an éisteacht le léiriú na habairte tosaigh d'Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, a thosaíonn leis na focail seo a leanas: '*Laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Chomhphobal*, beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le...' [24]

46. Go sonrach, ós rud é go mbaineann an cás seo le reachtaíocht náisiúnta maidir le tithíocht phoiblí - réimse beartais nach dtugann na Conarthaí d'inniúlacht rialála an Aontais Eorpaigh - ardaíonn an cheist sin a tharchuirtear saincheist níos ginearálta, níos bunreachtúla, maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil leis an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach infheidhme maidir le beartas den sórt sin gan cur isteach ar inniúlachtaí náisiúnta.

47. I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go léirítear san abairt réamhráiteach d'Airteagal 3(1) den Treoir sin foclaíocht Airteagal 19 CFAE, an bunús dlí lenar cumasaíodh glacadh na Treorach sin. [25]

48. Tugtar leis an mbunús dlí sin cumhacht do Chomhairle an Aontais Eorpaigh gníomhartha a ghlacadh chun idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach, i measc nithe eile, a chomhrac. Éilíonn reachtaíocht den sórt sin aontoilíocht sa Chomhairle agus toiliú ón bParlaimint. Sonraítear san abairt tosaigh d'Airteagal 19 CFAE go nglacfar gníomh den sórt sin 'gan dochar d'fhorálacha eile na gConarthaí agus *laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar don Aontas leo*'. [26]

49. D'fhéadfaí breathnú ar an bhforáil sin mar fhreagairt na mBallstát, mar mháistrí na gConarthaí, ar Thuairim 2/94, [27] inar mheas an Chúirt nach bhféadfadh an Comhphobal Eorpach, mar a bhí sé faoi Chonradh CE, dul isteach sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) toisc nár thug na Conarthaí, mar a bhí siad an tráth sin, an inniúlacht dó i réimse chearta an duine.

50. Dá bhrí sin, cuireadh Airteagal 19 CFAE (Airteagal 13 CE mar a bhí) isteach sna Conarthaí chun inniúlacht a thabhairt a chuirfeadh ar chumas an Aontais Eorpaigh an t-idirdhealú a chomhrac go gníomhach.

51. Mar sin féin, ní raibh sé i gceist le hinniúlacht chothrománach réimsí a leathnú inar fhéadfaidh leis an Aontas Eorpach rialáil a dhéanamh cheanna féin, ach 'inniúlacht maidir le cearta an duine' a thabhairt isteach lena dtugtar cumhacht don Aontas Eorpach an t-idirdhealú a chomhrac *laistigh* de raon feidhme dhlí an Aontais mar a shainítear sna Conarthaí é.

[23] I ndáil leis sin, féach Tyson, A., 'The Negotiation of the European Community Directive on Racial Discrimination', *European Journal of Migration and Law*, 2001, lch. 199-229, ag lch. 208.

[24] Béim curtha leis.

[25] Tugadh an fhoráil sin isteach le Conradh Amstardam agus, tráth a glacadh an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, faoi Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

[26] Béim curtha leis.

[27] Tuairim 2/94 *(Aontachas an Chomhphobail le ECHR)* an 28 Márta 1996 (EU:C:1996:140, mír 27).

52. Ós rud é nach réimse inniúlachta é an beartas tithíochta a thugtar don Aontas Eorpach leis na Conarthaí, an gciallaíonn sé sin nach féidir feidhm a bheith ag an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach maidir le reachtaíocht náisiúnta lena rialaítear tithíocht phoiblí?

53. Bheadh léamh den sórt sin ar Airteagal 19 CFAE agus ar abairt tosaigh Airteagal 3(1) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, i mo thuairimse, róchúng agus d'eisiafaí leis cur i bhfeidhm na Treorach sin, chomh maith le cur i bhfeidhm gníomhartha eile de chuid an Aontais ina bhfuil foclaíocht atá cosúil [28] le go leor réimsí den reachtaíocht náisiúnta.

54. Mar a mhínítear thuas (féach pointe 43 agus dá éis sin sa Thuarim seo), is seirbhís í tithíocht phoiblí sa Danmhairg a thairgtear ar luach saothair, de réir bhrí na gConarthaí. Mar sheirbhís, tagann tithíocht phoiblí faoi raon feidhme dhlí an Aontais.

55. I ndáil leis sin, is cásdlí socair é, fiú sna réimsí ina bhfuil cumhachtaí rialála ag na Ballstáit, go bhfuil a roghanna rialála teoranta ag creat bunreachtúil agus reachtach an Aontais. Mar shampla, i réimse an oideachais, atá faoi inniúlacht na mBallstát freisin, mheas an Chúirt, cé nach mbaineann dlí an Aontais ó chumhacht na mBallstát maidir le hábhar an oideachais agus eagrú na gcóras oideachais, nach mór do na Ballstáit, agus an chumhacht sin á feidhmiú acu, dlí an Aontais a chomhlíonadh. [29]

56. Ar an gcaoi chéanna, tá sé de shaoirse i gcónaí ag Ballstát córas tithíochta poiblí a bheith aige - nó gan a bheith aige - agus an cineál tithíochta poiblí a roghnú agus na daoine a dtairgfear é. Mar sin féin, ní féidir leis na rialacha maidir le tithíocht phoiblí, má achtaítear iad, idirdhealú a dhéanamh ar na forais a thoirmisctear le dlí frith-idirdhealaithe an Aontais, a bhfuil inniúlacht ag an Aontas Eorpach ina leith ar bhonn Airteagal 19 CFAE. Dá bhrí sin, cuireann dlí an Aontais teorainn, go pointe áirithe, leis na roghanna atá ar fáil do na Ballstáit maidir lena mbeartais tithíochta poiblí a fhorbairt - go háirithe, ní féidir leo beartais tithíochta poiblí a ghlacadh lena ndéantar idirdhealú ar bhonn tionscnaimh eitneach. Mar sin féin, agus teorainn den sórt sin á forchur, ní fhaigheann an tAontas Eorpach inniúlacht ar thithíocht phoiblí, is é sin le rá, ní féidir leis teacht in ionad cineál áirithe beartais tithíochta nó ní féidir leis cineálacha áirithe beartais tithíochta a fhorchur ar na Ballstáit.

57. Dá bhrí sin, trí chumhacht a thabhairt don Aontas Eorpach idirdhealú a chomhrac laistigh de raon feidhme dhlí an Aontais mar a shainítear sna Conarthaí, glacann na Ballstáit leis go gcuirfidh an beartas comhionannais a comhaontaíodh go comhchoiteann teorainneacha lena roghanna rialála i réimse an bheartais tithíochta freisin. Is é sin le rá, tríd an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, a bhfuil feidhm aici maidir le tithíocht, a achtú, ghníomhaigh an tAontas Eorpach laistigh de theorainneacha na gcumhachtaí a thugtar dó le hAirteagal 19 CFAE, agus níor thug sé aon chumhachtaí rialála nua dó féin.

[28] I ndáil leis sin, an Treoir Réime maidir le Comhionannas agus Airteagal 3(1) di, a bhfuil a bhfoclaíocht comhionann. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha freisin i ndáil le hAirteagal 2(2)(a) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1), lena bhforáiltear an méid seo a leanas: 'Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil sna cásanna seo a leanas: (a) má dhéantar an phróiseáil mar chuid de ghníomhaíocht nach dtagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais'.

[29] Féach ina leith sin breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2007, *Schwarz agus Gootjes-Schwarz* (C-76/05, EU:C:2007:492, mír 70), agus an 7 Meán Fómhair 2022, *Cilevičs agus páirtithe eile* (C-391/20, EU:C:2022:638, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear). Maidir leis an tsláinte phoiblí, féach breithiúnas an 16 Bealtaine 2006, *Watts* (C-372/04, EU:C:2006:325, mír 92).

58. Fágann sé sin go bhfuil an Treoir maidir le Cine nó maidir le Tionscnamh Eitneach infheidhme maidir leis an reachtaíocht náisiúnta maidir le tithíocht phoiblí, cé go gcoinníonn na Ballstáit a n-inniúlachtaí maidir le tithíocht phoiblí a rialáil sa chríoch atá faoina ndlínse.

C. 'Tionscnamh eitneach' mar fhoras toirmiscthe

59. Leanann sé ón méid thuas go gcuireann an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach cosc ar idirdhealú ar fhoras tionscnaimh eitnigh i réimse na tithíochta poiblí.

60. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur go substaintiúil an idirdhealú bunaithe ar thionscnamh eitneach é an t-idirdhealú idir inimircigh 'ón Iarthair' agus 'ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' agus a sliochtaigh de réir bhrí na Treorach sin.

61. Áitíonn SAB nach bhfuil an coincheap 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' bunaithe ar thionscnamh eitneach, ach ar náisiúntacht, a eisiatar ó raon feidhme chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach de bhua Airteagal 3(2) di.

62. Séanann Rialtas na Danmhairge freisin go bhfuil an coincheap sin nasctha le tionscnamh eitneach, ag áitiú ina ionad sin go bhfuil sé chomh leathan sin nach dócha go ndéanfaidh sé difear do dhaoine eitneacha áirithe.

63. Os a choinne sin, áitíonn na tionóntaí sa dá limistéar claochlaithe atá ina bpáirtithe sna cásanna os comhair na cúirte náisiúnta, an Institut for Menneskerettigheder (Institiúid um Chearta an Duine na Danmhairge), særlige rapportører FN (Rapóirtéirí Speisialta na Náisiún Aontaithe), Rialtas na Spáinne agus an Coimisiún, go substaintiúil, go bhfuil an grúpa 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' sainiúil ar bhonn a dtionscnamh eitneach.

1. Foclaíocht, comhthéacs agus cuspóir na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach

64. Ar an gcéad dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil sainmhíniú ná aon léiriú eile ar a bhfuil le tuiscint mar 'thionscnamh eitneach' i bhfoclaíocht na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

65. In éagmais sainiú reachtach, d'fhéadfaí an ghnáthbhrí atá leis an bhfocal 'eitneach', 'eitneachas' nó 'tionscnamh eitneach' a lorg sa teanga laethúil.[30] Nochtann cuardach tapa ar na foclóirí atá ar fáil ar an idirlíon go dtagraíonn na téarmaí sin do ghrúpa daoine a bhfuil baint acu le tréithe coitianta áirithe. Mar sin féin, tá na tréithe sin difriúil ó shainmhíniú foclóir amháin go

[30] Féach, ina leith sin, breithiúnas an 15 Samhain 2018, *Maniero* (C-457/17, EU:C:2018:912, mír 30).

ceann eile.[31] Is minic a chuimsíonn siad cultúr, traidisiún, teanga, stair, cine nó reiligiún comhroinnte. Ina theannta sin, is minic a chuirtear 'etc.' nó a leithéid leis na sainmhínithe ar fhoclóir, rud a léiríonn go bhféadfadh saintréithe eile a bheith ábhartha freisin.[32]

66. Maidir leis an gcomhthéacs ina bhfuil na focail 'tionscnamh eitneach' le feiceáil, d'fhéadfaí a thabhairt faoi deara go ndéileáiltear le toirmeasc ar idirdhealú ar bhonn den sórt sin sa ghníomh lena dtugtar aghaidh ag an am céanna ar an toirmeasc ar idirdhealú ar bhonn tionscnamh ciníoch. An gcabhraíonn sé seo le tuiscint a fháil ar cad is eitneachas ann?

67. Is cosúil go bhfuil úsáid na téarmaí 'eitneach' agus 'ciníoch' le chéile agus go hidirmhalartaithe mar thoradh ar an éabhlóid sa tuiscint ar an gcineál seo idirdhealaithe. De réir scoláirí, is cosúil go bhfuil bunús an téarma 'ciníochas' ina léirmheas ar na teoiricí eolaíocha a bhí ann roimhe sin maidir le 'cine', a rinne iarracht daonra an duine a chatagóiriú i roinnt 'ciníocha' éagsúla ó thaobh na bitheolaíochta de.[33]

68. Sa Treoir maidir le Cine nó maidir le Tionscnamh Eitneach, cuireann reachtas an Aontais in iúl go sainráite go ndiúltaíonn an tAontas Eorpach do theoiricí den sórt sin a fhágann gur ann do chiníocha daonna éagsúla.[34] Mar sin féin, leanann sé den téarma 'cine' a úsáid, ach murab ionann agus na hionstraimí dlí a bhí ann roimhe seo,[35] cuireann sé an téarma 'tionscnamh eitneach' leis freisin, chun béim níos fearr a leagan ar cheangal na gcoincheap sin le tógálacha sóisialta, seachas le haon saintréithe oidhreachta ar leith.

69. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid an téarma 'tionscnamh eitneach' sa Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach a léamh in éineacht leis an téarma 'cine', mar thagairt do thógáil shóisialta — braistint i sochaí ar leith gur ann do ghrúpa atá inaitheanta mar ghrúpa difriúil ar bhonn saintréithe soch-chultúrtha áirithe, amhail teanga, litríocht, ceol, custaim agus a leithéid.

70. Ar deireadh, is é is cuspóir don Treoir maidir le Cine nó maidir le Tionscnamh Eitneach creat a bhunú chun an t-idirdhealú a chomhrac d'fhonn prionsabal an chomhionannais a chur i bhfeidhm. De réir Airteagal 2 CAE, tá an comhionannas ar cheann de luachanna bunaidh an

[31] Mar shampla, molann Foclóir *Cambridge* ceann de na bríonna a d'fhéadfadh a bheith le 'eitneach': 'a cheanglaíonn le grúpa daoine nó a bhaineann le grúpa daoine ar féidir a mheas go bhfuil siad éagsúil (= difriúil) toisc go bhfuil cultúr, traidisiún, teanga, stair chomhroinnte acu, etc.' Mar a mholtar i gceann de na bríonna i bhFoclóir *Merriam-Webster*: 'de ghrúpaí móra daoine nó a bhaineann le grúpaí móra daoine atá aicmithe de réir bunús nó cúlra coiteann ciníoch, náisiúnta, treibhe, reiligiúnach, teanga nó cultúrtha'. Molann an *Hrvatski jezični portal* (Tairseach Teangeolaíochta na Cróite) go n-áireofaí le 'grúpa eitneach' baill d'aon 'eitne' amháin a chomhroinneann féiniúlacht choiteann ar bhonn an chultúir chéanna, an reiligiúin chéanna, na teanga céanna, an chustaim chéanna agus tosca eile.' Sainmhíníonn Foclóir Larousse 'ethnie' (grúpa eitneach) mar 'Ghrúpa daonna a bhfuil struchtúr aonchineálach teaghlaigh, eacnamaíoch agus sóisialta aige, agus a bhfuil a aontacht bunaithe ar phobal teanga, cultúir agus comhfhiosachta'.

[32] Deir scoláirí freisin go bhfuil sé deacair sainiú a nglactar leis go ginearálta ar eitneachas a fháil. Féach, mar shampla, Krivokapić, B agus Salkiewicz- Munnerlyn, E., 'An attempt of defining Ethnic Minorities for their better protection', *Ukrainian Journal of International Law*, 2020, lch. 26-40. Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta in Wahl *Jyske Finans* (C-668/15, EU:C:2016:914, mír 33).

[33] Bell, M., *Racism and Equality in the European Union [Ciníochas agus Comhionannas san Aontas Eorpach]*, Oxford, Oxford University Press, 2009, lch. 8.

[34] Aithris 6 den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

[35] Dá bhrí sin, mar shampla, ní úsáidtear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú (ICERD), a théann siar go 1965, a bhfuil na Ballstáit uile ina bpáirtithe ann, agus a luaitear sa tríú haithris den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, ach an téarma 'idirdhealú ciníoch'. Foráiltear le hAirteagal 1(1) de, áfach, gurb ionann 'idirdhealú ciníoch' agus aon idirdhealú, eisiamh, srian nó tosaíocht atá bunaithe ar chine, dath, sliocht, nó tionscnamh náisiúnta nó eitneach a bhfuil sé de chuspóir nó d'éifeacht aige aithint, teachtadh nó feidhmiú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, ar bhonn cothrom, sa réimse polaitiúil, eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha nó in aon réimse eile den saol poiblí a neamhniú nó a lagú'. Níl an nath 'tionscnamh eitneach' in ECHR ach oiread. Mheas an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine ('ECtHR'), áfach, 'gur cineál idirdhealaithe chiníoch é mar gheall, *inter alia*, ar thionscnamh eitneach duine' (ECtHR, 13 Samhain 2007, *D.H. agus páirtithe eile* v. *Poblacht na Seice* (CE:ECHR:2007:1113JUD005732500, §176 agus an cásdlí dá dtagraítear)).

Aontais Eorpaigh. Ós rud é go gcuirtear, dá bhrí sin, ceann de luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm leis an Treoir seo, ba cheart léiriú leathan a thabhairt ar an gcoincheap 'tionscnamh eitneach'. [36]

71. Mínítear in aithris 12 gurb é is aidhm don Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach 'forbairt sochaithe daonlathacha caoinfhulangacha a áirithiú lena gceadaítear rannpháirtíocht gach duine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach'.

72. Thairis sin, tagraítear i roinnt aithrisí den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach do thionscnaimh ón gComhairle Eorpach, ón gComhairle agus ón gCoimisiún chun 'ciníochas agus seineafóibe' a chomhrac. [37] Dá bhrí sin, is gné d'fhorbairt sochaithe *caoinfhulangacha* é an comhrac i gcoinne na seineafóibe, [38] agus ba cheart an coincheap 'tionscnamh eitneach' a thuiscint i bhfeidhm na críche sin de chuid na Treorach sin.

73. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí an coincheap 'tionscnamh eitneach' a thuiscint mar thagairt do thuiscint ar dhuine nó ar ghrúpa daoine mar strainséirí nó mar eachtrannaigh. Dá bhrí sin, is féidir deighilt ar an bhforas 'tionscnamh eitneach' a thuiscint mar roinnt idir 'muidne' agus 'iad siúd'; tá an líne roinnte ag brath ar shaintréithe fisiciúla agus soch-chultúrtha áirithe, nó, ar a laghad, ar an dearcadh go bhfuil difríochtaí sna saintréithe sin.

74. Is éard a bheadh i gceist le sochaí atá *fulangach* ar dhifríochtaí eitneacha a fhorbairt ná cearta comhionanna a aithint dóibh féin, in ainneoin an chreidimh nó na tuairime go bhfuil saintréithe éagsúla 'acu' seachas mar atá 'againn'.

2. Cásdlí ábhartha na Cúirte

(a) Na breithiúnais in CHEZ *agus* Jyske Finans *— na tosca 'eitneachta'*

75. Níl mórán cásdlí de chuid na Cúirte ina ndéantar léiriú ar an gcoincheap 'tionscnamh eitneach'. Mura rud é go ndearna mé botún, níor dhéileáil an Chúirt go díreach le brí an téarma sin ach in dhá chás: *CHEZ* agus *Jyske Finans*. [39]

76. Is é *CHEZ* an príomhchás i réimse an idirdhealaithe eitnigh. D'eascair sé as cás inar chuir soláthraí leictreachais Bulgárach méadair leictreachais suas go dtí airde níos mó ná sé mhéadar i gcomharsanacht ina raibh daoine de bhunadh Romach den chuid is mó, cé gur ghnáthchleachtas é iad a chur ag airde níos lú ná dhá mhéadar. Mheas an Chúirt, sna himthosca sin, go bhféadfaí daoine de bhunadh Romach a thuiscint mar ghrúpa eitneach. [40]

[36] I ndáil leis sin, mheas an Chúirt cheana féin nach féidir raon feidhme na Treorach sin a léiriú go sriantach. Féach breithiúnais an 12 Bealtaine 2011, *Runevič-Vardyn agus Wardyn* (C-391/09, EU:C:2011:291, mír 43); an 16 Iúil 2015, *CHEZ Razpredelenie Bulgaria* (C-83/14, EU:C:2015:480, mír 42 'CHEZ'); agus an 15 Samhain 2018, *Maniero* (C-457/17, EU:C:2018:912, mír 36).

[37] Féach, ina leith sin, aithrisí 7, 10 agus 11 den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

[38] Is é an lamháltas freisin an luach a áirítear sa dara habairt d'Airteagal 2 CAE. I ndáil leis sin, d'fhéadfaí a thuiscint ní hamháin go bhfuil prionsabal an chomhionannais á mhionsaothrú leis an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, ach go bhfuil luach na caoinfhulaingthe á mhionsaothrú léi freisin.

[39] Breithiúnas an 6 Aibreán 2017, *Jyske Finans*, (C-668/15, EU:C:2017:278, '*Jyske Finans*')

[40] Mír 60 de *CHEZ*. Sa chonclúid sin, fuair an Chúirt spreagadh freisin ó bhreithiúnais ECtHR an 6 Iúil 2005, *Nachova agus páirtithe eile* v. *an Bhulgáir*, (CE:ECHR:2005:0706JUD004357798) agus an 22 Nollaig 2009, *Sejdić agus Finci* v. *an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin*, (CE:ECHR:2009:1222JUD002799606).

77. Chun teacht ar chonclúid den sórt sin, thosaigh an Chúirt ó thuiscint níos ginearálta ar choincheap na heitneachta: 'baineann coincheap na heitneachta, a bhfuil a bhunús i gcoincheap na ngrúpaí sochaíocha atá marcáilte go háirithe ag náisiúntacht choiteann, creideamh reiligiúnach, teanga, bunús agus cúlraí cultúrtha agus traidisiúnta, leis an bpobal Romach.' [41]

78. Is léir ón sainmhíniú ar a bhfuiltear ag brath sa bhreithiúnas sin go ndéantar daoine a ghrúpáil leis an gcoincheap 'eitneachta' ar bhonn roinnt saintréithe coiteanna, ar forais idirdhealaithe toirmiscthe iad cuid acu iontu féin (reiligiún, agus in imthosca áirithe, náisiúntacht) agus cuid eile nach bhfuil (bunadh agus cúlraí teanga, cultúrtha agus traidisiúnta).

79. Ar an gcaoi chéanna leis an mbrí choiteann nó foclóireachta a ndearnadh anailís uirthi roimhe seo den fhocal 'eitneach', ní áirítear go huileghabhálach na saintréithe a luaitear in *CHEZ* (d'úsáid an Chúirt an fhoclaíocht 'go háirithe'), ná ní chomhlíonann sí na critéir sin go léir is gá chun a mheas go bhfuil idirdhealú bunaithe ar eitneacht.

80. Tá saintréith amháin ann, áfach, ar dá réir a dhéantar daoine a ghrúpáil go minic nach gcumhdaítear leis an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach: náisiúntacht. [42] Mar sin féin, mar a leanann sé ón sainmhíniú a luadh roimhe seo arna ghlacadh ón mbriethiúnas in *CHEZ*, [43] d'fhéadfaí fiú náisiúntacht a chur san áireamh chun a chinneadh an bhfuil deighilt áirithe bunaithe ar an gcritéar 'eitneachta' mura bhfionnann sé ach mar fhachtóir amháin, agus ní mar an t-aon fhachtóir amháin, ar a bhfuil cóir éagsúil bunaithe.

81. In *Jyske Finans*, dheimhnigh an Chúirt nach liosta uileghabhálach é liosta *CHEZ* de shaintréithe eitneachais. Mheas sé go bhféadfadh an tír bhreithe [44] a bheith ar cheann de na critéir chun eitneachas duine a chinneadh, fiú mura raibh an tréith sin luaite sa bhreithiúnas in *CHEZ*. [45] Ag an am céanna, áfach, mheas an Chúirt nach féidir eitneachas duine a bhunú ar bhonn critéar amháin ach ar líon iomlán fachtóirí, roinnt fachtóirí suibiachtúla agus cuspóir éigin. [46] Dá bhrí sin, d'fhéadfadh go léireodh an áit bhreithe féin, conclúid gur caitheadh go difriúil le duine ar bhonn a thionscnaimh eitnigh, ach ní leor é chun údar a thabhairt.

82. Cé gur luaigh an Chúirt, in *Jyske Finans*, go bhféadfadh saintréithe na heitneachais a bheith oibiachtúil agus suibiachtúil, ní dhearna sí tuilleadh mionsaothraithe air. Is tosca oibiachtúla iad na tosca uile a luaigh an Chúirt sna breithiúnais in *CHEZ* agus in *Jyske Finans*. D'fhéadfadh go mbeadh fachtóirí suibiachtúla ann freisin, a chuireann le coincheap an eitneachais, mar shampla dearcadh go mbaineann siad le grúpa eitneach, ach ní luaitear iad siúd i gceachtar de na cásanna sin. [47] Forchuireann fachtóirí suibiachtúla 'teorainneacha eitneacha', a mbíonn cuimsiú grúpa nó

[41] Mír 46 de *CHEZ*.

[42] Eisiatar náisiúntacht ó raon feidhme na Treorach le hAirteagal 3(2) di.

[43] Féach mír 77 den Tuairim seo.

[44] In *Jyske Finans*, mhaígh duine go ndearna cuideachta creidmheasa idirdhealú air ar bhonn a áite breithe a bhí sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin. Ba é an áit bhreithe a léiríodh ar a cheadúnas tiomána, mar a d'éiligh sé, an chúis ar éiligh an chuideachta sin air doiciméid bhreise a sholáthar, amhail pas nó cead cónaithe, chun an iarraidh ar chreidmheas chun carr nua a cheannach a phróiseáil. Ní raibh na doiciméid bhreise ag teastáil ón gcuideachta óna pháirtí a rugadh sa Danmhairg. Sa chás i dtrácht, níor aimsigh an Chúirt idirdhealú ar bhonn an tionscnaimh eitnigh, á rá, i measc nithe eile, nach féidir idirdhealú den sórt sin a dhéanamh ar bhonn aon toisc amháin, amhail an áit bhreithe. Ag an am céanna, níor chuir an Chúirt an áit bhreithe as an áireamh mar cheann de na tosca ábhartha chun tionscnamh eitneach a chinneadh.

[45] *Jyske Finans*, mír 18.

[46] *Jyske Finans*, mír 19.

[47] Krivokapić, B agus Salkiewicz- Munnerlyn, E., *op. cit*.

eisiamh grúpa mar thoradh orthu.[48] Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an dearcadh atá ag grúpa eitneach amháin nach mbaineann daoine áirithe leis an ngrúpa sin a bheith ina ghné chun a chinneadh go bhfuil an chóireáil éagsúil spreagtha ag tionscnamh eitneach.

(b) An breithiúnas in Feryn *- aonchineálacht grúpa nach gcaitear chomh fabhrach céanna leis*

83. In *CHEZ*, ba ghrúpa eitneach ar leith an grúpa eitneach ar ar a fhoras a tharla cóireáil nach raibh chomh fabhrach, a mheastar a bheith ina ghrúpa aonchineálach.[49]

84. Sa chás seo, níl an grúpa 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' comhdhéanta de dhaoine a bhfuil nasc oibiachtúil acu leis an stair, leis an gcultúr, leis an reiligiún, leis an teanga, leis an áit tionscnaimh chéanna, nó leis an dearcadh suibiachtúil atá acu go mbaineann siad leis an ngrúpa eitneach céanna. Is éard is 'duine ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair' ná daoine a chuaigh ar imirce go dtí an Danmhairg ó aon tír ar domhan seachas na tíortha sin a mheastar a bheith ina dtíortha an Iarthair. Mar a léirigh Rialtas na Danmhairge, is ionann na tíortha as a dtagann an grúpa sin agus 88 % de dhaonra an domhain.

85. Go deimhin, murab ionann agus an pobal Romach sa Bhulgáir, a bhí (ar a laghad a measadh) mar ghrúpa eitneach amháin in *CHEZ*, is grúpa éagsúil ó thaobh eitneachta de iad 'daoine ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad'.

86. Ní hionann an rud a aontaíonn an grúpa sin, áfach, agus comóntacht tosca a chruthaíonn 'eitneacht' laistigh den ghrúpa; is é an dearcadh atá ag reachtas na Danmhairge *nach* bhfuil saintréithe an ghrúpa eile, is iad sin na 'hIartharaigh', ag an ngrúpa sin. Cruthaítear an grúpa dá réir sin ar bhonn 'daoine ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' a eisiamh ón ngrúpa 'Iarthair'.

87. Dar liomsa, tá an t-idirdhealú sin, a dhéantar le Dlí na Danmhairge maidir le Tithíocht Phoiblí, bunaithe ar an gcreideamh go gcomhtháthaíonn 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' le sochaí na Danmhairge a bhfuil níos mó deacrachta aici ná inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha an Iarthair. Dheimhnigh Rialtas na Danmhairge creideamh den sórt sin sna himeachtaí seo, fiú mura raibh aon fhíricí mar bhunús leis.

88. Tá an seasamh sin, mar atá léirithe ag an gCoimisiún, bunaithe ar an smaoineamh go roinneann inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha an Iarthair, agus saoránaigh na Danmhairge, cultúr, traidisiúin agus tuairimí reiligiúnacha comhchosúla. Ar an gcúis sin, is grúpa eitneach aonchineálach iad, in éineacht le saoránaigh na Danmhairge, nach ionann é agus inimircigh agus a sliocht ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad, agus is é sin an fáth nach bhfuil deacrachtaí ag baill den ghrúpa 'Iarthair' de ghnáth le lánpháirtiú, murab ionann agus baill den ghrúpa 'ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad'.

[48] Isajiw, W. W., 'Definition and Dimensions of Ethnicity: A Theoretical Framework', páipéar a cuireadh i láthair ag an 'Joint Canada-United States Conference on the Measurement of Ethnicity' in 1992, Ottawa, Ontario, Ceanada, an 2 Aibreán 1992, arna fhoilsiú in *Challenges of Measuring an Ethnic World: Science, politics and reality: Proceedings of the Joint Canada-United States Conference on the Measurement of Ethnicity April 1-3, 1992*, Oifig Phriontála Rialtas na Stát Aontaithe, Washington, DC 1993, lgh. 407-27, lch. 6 den seach-chló ar fáil ag https://utoronto.scholaris.ca/bitstreams/91e5f959-754b-4eea-bae0-1a3638bcd1e9/download

[49] Féach, áfach, cáineadh ar chur chuige den sórt sin i leith na Romach mar ghrúpa aonchineálach in McGarry A. 'Ethnic Group Identity and the Roma Social Movement: Transnational Organizing Structures of Representation', *Nationalities Papers*, Vol. 36(3), 2008; 449-470, ag lgh. 463 agus 464.

89. Dá bhrí sin, i dtéarmaí tionscnaimh eitnigh, sainmhínítear an grúpa ‘ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’ go diúltach — mar ghrúpa *nach bhfuil* saintréithe eitneacha áirithe aige, seachas mar ghrúpa *a bhfuil* saintréithe eitneacha coiteanna áirithe aige. Ní shéantar leis an sainimhíniú sin, ar bhonn eisiaimh, áfach, go ndéantar an t-idirdhealú idir an dá ghrúpa ar bhonn an chritéir maidir le ‘tionscnamh eitneach’.

90. Is í an cheist a ardaíodh sa chás seo atá nua maidir le *CHEZ* ná an ngabhtar idirdhealú in aghaidh gach eitneachta eile, ach an eitneacht is ceannasaí sa tsochaí atá i gceist, leis an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach freisin.

91. I ndáil leis sin, aontaím le seasamh an Choimisiúin, inar measadh go gcumhdaítear leis an Treoir sin ní hamháin cásanna ina gcaitear le grúpa eitneach ar leith ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna, ach freisin cásanna ina gcuirtear grúpaí éagsúla faoi mhíbhuntáiste, más é ‘tionscnamh eitneach’ an ghrúpa sin an critéar ar ar a bhonn a dtarlaíonn sé sin. Chuirfeadh a mhalairt de léiriú bac ar an gcomhrac éifeachtúil i gcoinne an idirdhealaithe bunaithe ar thionscnamh eitneach.

92. Más rud é go dtuigtear gurb ionann ‘eitneacht’ agus roinnt ina ‘sinn’ agus ina ‘siúd’, agus má léirítear go bhfuil sé d’aidhm ag an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach cearta comhionanna a sholáthar ‘dóibh’ ‘inár’ sochaithe, ansin, chun a cuspóir a bhaint amach, ní mór don Treoir sin a bheith infheidhme aon uair a chaitear le daoine nach bhfuil chomh fabhrach céanna mar gheall ar a ‘eachtarthacht’ eitneach a bhraitear a bheith acu.

93. Cé nach bhfuil sé sin sainráite, tá sé aitheanta cheana féin ag an gCúirt nach gá gur grúpa aonchineálach ó thaobh eitneachta de é an grúpa nach gcaitear chomh fabhrach céanna leis. In *Feryn*, [50] d’eascair an díospóid as ráiteas fostóra sa Bheilg nach bhfostódh sé ‘*allochtonen*’, seachas ‘*autochthonen*’ (aistríodh an focal Ollainnise mar ‘inimircigh’ sa leagan Béarla de bhreithiúnas na Cúirte). D’agair eagraíocht neamhrialtasach an fostóir, ag iarraidh ar chúirt na Beilge idirdhealú a aimsiú. Iarradh ar an gCúirt an phríomh-shaincheist dhlíthiúil a réiteach sa chás sin, i gcás nach ann d’íospartach nithiúil idirdhealaithe, an bhféadfadh idirdhealú bunaithe ar thionscnamh ciníoch nó eitneach a bheith ann fós.

94. In *Feryn*, níor ardaigh an Chúirt, ná aon cheann de na páirtithe, an cheist an bhféadfaí an grúpa nach gcaitheadh chomh fabhrach céanna leis — an ‘*allochtonen*’ — a thuiscint mar ghrúpa atá bunaithe ar thionscnamh eitneach. Cosúil leis an staid sa chás seo, ní grúpa aonchineálach ó thaobh eitneachta de a bhí in ‘*alloctonen*’. Rinneadh idirdhealú i ráiteas an fhostóra i gcoinne gach ‘eachtrannaigh’, a mheastar a bheith i gcoinne autochthons, nó grúpa daoine a mheastar nach eachtrannaigh iad.

95. Dá bhrí sin, go hintuigthe, ghlac an Chúirt leis go bhfuil feidhm ag an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach freisin nuair nach grúpa eitneach aonchineálach é an grúpa a ndearnadh idirdhealú ina choinne, ach go bhfuil an chóir is lú fabhar bunaithe mar sin féin ar an gcritéar maidir le ‘tionscnamh eitneach’. [51]

[50] Breithiúnas an 10 Iúil 2008, *Feryn*, (C-54/07, EU:C:2008:397, ‘*Feryn*’)

[51] I gcomhthéacs ICERD, níl aon cheanglas ann ach oiread nach ndéanfadh cóir dhifreálach difear ach do ghrúpa amháin de thionscnamh eitneach chun cáiliú mar idirdhealú ciníoch toirmiscthe. Féach, i ndáil leis sin, Aighneacht Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Cineálacha Comhaimseartha Ciníochais, Seineafóibe agus Éadulaingthe Gaolmhaire agus Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le Tithíocht Leordhóthanach mar Chomhpháirt den Cheart chun Caighdeán Maireachtála Leordhóthanach, agus maidir leis an gCeart chun Neamh-Idirdhealaithe sa Chomhthéacs sin, chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) i gCás C-417/23, arna rochtain faoi:
https://www.ohchr.org/sites/default/files/documents/issues/housing/AmicusBrieftoDenmark-CJEU-third-party-intervention.pdf.

96. Dar liomsa, dá bhrí sin, comhthacaíonn cuspóir na Treorach maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach agus cásdlí na Cúirte leis an gconclúid nach gá gur grúpa aonchineálach é grúpa nach gcaitear chomh fabhrach céanna leis, fad a mheastar go mbaineann na daoine lena mbaineann leis an ngrúpa sin ar bhonn critéar a úsáidtear chun tionscnamh eitneach a chinneadh.

3. Tá an critéar 'Iarthar/Neamh-Iarthar' a úsáidtear i reachtaíocht na Danmhairge bunaithe ar thionscnamh eitneach

97. Sa chás seo, cuirtear 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' i ngrúpa difriúil ná inimircigh agus a sliocht ó thíortha an Iarthair ar bhonn roinnt tosca a léiríonn go raibh an tionscnamh eitneach braite ina chúis le hidirdhealú: náisiúntacht, áit bhreithe agus sliocht.

98. Baineann duine leis an gcéad ghrúpa sin más rud é nach Danmhargach é a náisiúntacht nó náisiúntacht a dtuismitheora nó a dtuismitheoirí, nó náisiúntacht thír an Iarthair, murab í an Danmhairg a n-áit bhreithe, nó ceann de thíortha an Iarthair, agus más rud é nach Danmhargach ná ceann de thíortha an Iarthair í a n-oidhreacht, arna léiriú ag áit bhreithe a dtuismitheora nó a dtuismitheoirí. Mar a luaigh an Institut for Menneskerettigheder (Institiúid na Danmhairge um Chearta an Duine), is féidir le leanaí inimirceach agus a sliocht ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad a rugadh sa Danmhairg fanacht sa ghrúpa 'daoine ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' ar feadh roinnt glúnta fad is nach saoránach de chuid na Danmhairge ceachtar de na tuismitheoirí agus nár rugadh sa Danmhairg iad ag an am céanna, fiú má fhaigheann siad féin saoránacht na Danmhairge.

99. Dá bhrí sin, is critéar de 'thionscnamh eitneach' é na critéir ar ar a mbonn a dhéantar idirdhealú i ndlí na Danmhairge idir 'Iarthar' agus 'neamh-Iarthar', agus tá feidhm ag an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

100. Measaim freisin go bhfuil sé ábhartha gur chosúil gur thuig reachtas na Danmhairge an deighilt sin mar dheighilt ar fhorais eitneacha. San ordú tarchuir, tharraing an chúirt a rinne an tarchur aird ar na doiciméid ullmhúcháin do leasuithe 2018 ar an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, ina dtugtar le fios gur moladh an reachtaíocht atá i gceist ar an mbonn gur saintréithriú eitneach é 'tíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad'. [52]

101. Ní bhaineann sé le hábhar gur grúpa eitneach aonchineálach iontu féin iad na 'hinimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad', fad is gur de thionscnamh eitneach an critéar ar dá réir a cuireadh sa ghrúpa sin iad.

102. Ar deireadh, mheas roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin, amhail an Coiste um Chearta Eacnamaíocha Sóisialta agus Cultúrtha de chuid Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe, gur idirdhealú bunaithe ar thionscnamh eitneach, i measc nithe eile, é catagóir imirceach 'ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' a bhunú le reachtaíocht na Danmhairge. [53]

[52] Mar shampla, luadh i dtogra leasuithe 2018 ar an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, i measc nithe eile, gur léiriú é comhchruinniú láidir saoránach *de thionscnamh eitneach éagsúil* nach mór aird a thabhairt ar an limistéar atá i gceist. Féach, ina leith sin, mír 100 den Ordú seo.

[53] An Coiste um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, *Barúlacha deiridh maidir leis an séú tuarascáil thréimhsiúil ón Danmhairg*, (E/C.12/DNK/CO/6), mír 52; An Coiste um Idirdhealú Ciníoch a Dhíothú, '*Barúlacha deiridh maidir leis an dara tuarascáil thréimhsiúil is fiche go dtí an ceathrú tuarascáil thréimhsiúil is fiche ón Danmhairg le chéile*, 2022, CERD/C/DNK/CO/22-24, mír 12.

103. Ar bhonn an mhéid sin roimhe seo, molaim go gcinnfidh an Chúirt go bhfuil an deighilt idir inimircigh ‘ón Iarthair’ agus ‘ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’ agus a sliochtaigh bunaithe ar an tionscnamh eitneach.

104. Tugann sé seo dom an chéad cheist eile — an bhfuil an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí idirdhealaitheach, agus, má tá, an idirdhealú díreach nó indíreach é.

D. Idirdhealú díreach nó indíreach

105. Lena dara ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur an bhfuil idirdhealú díreach nó indíreach mar thoradh ar an gcritéar ‘Iarthar/Neamh-Iarthar’.

106. Ar an gcéad dul síos, tugann idirdhealú le tuiscint go gcaitear go díobhálach le duine nó le grúpa daoine.

107. Tarlaíonn idirdhealú díreach nuair a bhíonn cóir dhíobhálach den sórt sin bunaithe go díreach ar thionscnamh eitneach. Chun idirdhealú eitneach díreach a bhunú, is gá a shuí *nach gcaitear chomh fabhrach céanna* le duine (nó grúpa daoine) agus a chaitear le duine (nó grúpa daoine) atá *bunaithe ar* an gcritéar tionscnamh eitneach. [54]

108. Tarlaíonn idirdhealú indíreach nuair a chaitear go díobhálach le grúpa eitneach mar thoradh ar bheart a dhealraíonn a bheith neodrach. [55]

109. Ní bhíonn sé éasca ná soiléir i gcónaí a aithint an ionann cás agus idirdhealú díreach nó indíreach. [56]

110. Is é an iarmhairt is tábhachtaí a bhaineann le riail nó cleachtas a aimsiú a mbeadh idirdhealú díreach mar thoradh air ná nach féidir, i bprionsabal, údar a thabhairt le riail nó cleachtas den sórt sin, agus go dtoirmisctear go huathoibríoch í nó é. I bprionsabal, ní féidir caitheamh le níos lú fabhair mar gheall ar aon cheann de na forais thoirmiscthe ach amháin i gcásanna a bheartaítear go sainráite sa reachtaíocht. Ní fhoráiltear leis an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach don fhéidearthacht sin ach amháin más fíorcheanglas ceirde cinntitheach í cóireáil dhifreálach atá bunaithe go díreach ar chine nó ar thionscnamh eitneach. [57] Níl an staid sa chás seo mar thoradh ar chás den sórt sin.

111. Os a choinne sin, is féidir údar a thabhairt le hidirdhealú indíreach más riail neodrach i ndáiríre í an riail atá neodrach de réir dealraimh go bhfuil grúpa eitneach amháin faoi mhíbhuntáiste go háirithe i gcomparáid le ceann eile. D’fhéadfaí é seo a bhunú má tá cúis dhlisteanach ag riail den sórt sin nach bhfuil baint aici le heitneacht, a shaothraíonn sí ar bhealach comhréireach.

[54] Airteagal 2(2)(a) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

[55] Airteagal 2(2)(b) den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

[56] Mar shampla Fredman S., ‘Legal Concepts, Direct, Indirect Discrimination and Beyond’, *Discrimination Law*, an 3ú heagrán, Oxford, OUP, 2023, lgh. 247-313; Maliszewska-Nienartowicz, J., ‘Direct and Indirect Discrimination in European Union Law – How to Draw a Dividing Line?’, *International Journal of Social Sciences*, 2014, lgh. 41-55, ag lch. 41.. Le haghaidh plé den sórt sin i gcomhthéacs na mbreithiúnas maidir le caifirín, féach van den Brink, M., ‘The Protected Grounds of Religion and Belief: Lessons for EU Non-Discrimination Law’, *German Law Journal*, 2023, lgh. 855–880.

[57] Airteagal 4 den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

112. Sa chás seo, ní chuirtear ina choinne nár roghnaíodh daoine ar foirceannadh a léasanna ar bhonn an chritéir ‘Iarthar/neamh-Iarthair’. Ina ionad sin, bhunaigh na pleananna forbartha a glacadh do gach limistéar claochlaithe a gcritéir féin — mar shampla, roghnaíodh tionóntaí ar foirceannadh a léasanna i Ringparken ar bhonn critéar dícháilithe do thithíocht phoiblí i limistéir chlaochlaithe, is é sin le rá, a gciontuithe coiriúla iad le 6 mhí anuas nó leibhéal a n-ioncaim.

113. Go deimhin, is saoránaigh de chuid na Danmhairge iad cuid de na daoine ar cuireadh deireadh lena léasanna in Mjølnerparken agus ní féidir iad a chur sa ghrúpa ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’ mar a shainmhínítear i reachtaíocht na Danmhairge.

114. Mar sin féin, ós rud é gur daoine nach ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’ iad íospartaigh an idirdhealaithe dhírigh nó indírigh freisin, ní dhéanann sé sin difear don fhéidearthacht a chinneadh gur tharla idirdhealú eitneach.

115. Shoiléirigh an Chúirt é sin in *CHEZ*. Ní gá go gcaithfí le duine ar íospartach idirdhealaithe é nó í agus a chasann chun cúirte le haghaidh cosaint dhlíthiúil ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an ngrúpa eitneach; d’fhéadfadh sé nach mbeadh sa duine sin ach íospartach comhthaobhach a bhraitheann ar an tionscnamh eitneach le linn cinntí a dhéanamh nó le linn reachtaíochta. In *CHEZ*, ba é an t-íospartach idirdhealaithe ná duine nach raibh eitneacht Romach aige, ach a bhí ina chónaí sa chomharsanacht inar cuireadh méadair leictreachais ar airde neamhghnách toisc go raibh daoine de thionscnamh Romach den chuid is mó ann. Sa chomhthéacs sin, mheas an Chúirt ‘nach bhfuil feidhm ag prionsabal na córa comhionainne maidir le catagóir áirithe daoine ach trí thagairt a dhéanamh do na forais a luaitear in Airteagal 1 [den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach], ionas go bhfuil sé beartaithe go rachaidh an prionsabal sin chun tairbhe freisin do dhaoine, cé nach ball den chine nó den ghrúpa eitneach lena mbaineann iad féin, a fhulaingíonn cóir is lú fabhar nó míbhuntáiste ar leith ar cheann de na forais sin.’ [58]

116. Ar an gcaoi chéanna, is féidir le saoránaigh nó inimircigh na Danmhairge agus a sliochtaigh ó thíortha de chuid an Iarthair brath freisin ar an toirmeasc ar idirdhealú eitneach dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, má caitheadh go díobhálach leo mar gheall ar chur i bhfeidhm an chritéir eitnigh, nó mar gheall ar chritéar atá neodrach de réir dealraimh a dhéanann difear, áfach, do dhaoine a bhaineann leis an ngrúpa ‘ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’ den chuid is mó.

117. Saincheist eile a shoiléirítear i gcásdlí na Cúirte a d’fhéadfadh a bheith ábhartha don chás seo is ea, chun an t-idirdhealú a bhunú, nach gá go mbeadh íospartach idirdhealaithe ann mar sin. Leanann sé ó *Feryn* gur leor go *bhféadfadh* cóireáil nach bhfuil chomh fabhrach do roinnt daoine a bheith mar thoradh ar chur i bhfeidhm an chritéir eitnigh. [59]

118. Ciallaíonn sé sin gur féidir idirdhealú a fháil freisin in imeachtaí a bhaineann le hathbhreithniú breithiúnach teibí, amhail an ceann a thionscain 11 thionónta i limistéar tithíochta Mjølnerparken.

119. Is é an rud atá fós le réiteach ná an bhfuil an chóir dhíobhálach, is é sin, riosca a bheith ann go ndéanfaí léasanna a fhoirceannadh go haontaobhach, mar thoradh ar chur i bhfeidhm an chritéir eitnigh ‘Iarthar/Neamh-Iarthar’, nó mar thoradh ar riail atá neodrach ó thaobh eitneachta ar ar a

[58] *CHEZ*, mír 56.

[59] *Feryn*, míreanna 23 agus 25.

bhonn a sainaithníodh na daoine ar foirceannadh a léasanna (trí thagairt dá gcoiriúlacht nó dá mbochtaineacht). Sa chéad chás, is idirdhealú díreach a bheadh i gceist leis an idirdhealú atá i gceist. Sa chás deireanach sin, d'fhéadfaí é a aicmiú mar idirdhealú indíreach má dhéanann sé difear do níos mó daoine den ghrúpa eitneach céanna (sa chás seo, 'inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad') agus mura bhfuil údar leis.

120. I mo thuairimse, tá dhá chúis ann lena mheas gur idirdhealú díreach é an staid a chruthaítear le reachtaíocht na Danmhairge, mar a mhíneoidh mé thíos. Mar sin féin, mura n-aontaíonn an Chúirt le mo sheasamh, tairgfidh mé réiteach malartach ar dá réir a d'fhéadfaí an cás a thuiscint mar idirdhealú indíreach.

1. Idirdhealú díreach

121. Chun idirdhealú díreach a chinneadh, ní mór an chóir is lú fabhar a bheith bunaithe go díreach ar thionscnamh eitneach.

122. Tugtar comparadóir le tuiscint leis an gcóir is *lú* fabhar — chun go dtarlóidh idirdhealú díreach, ní mór caitheamh le duine ar bhealach níos measa ná mar a chaitear nó a chaithfí le duine eile i gcás inchomparáide.

123. Cad is cóir níos neamhfhabhraí ann sa chás seo agus cé is comparadóir ann?

124. I mo thuairimse, tá an chóireáil dhíobhálach sa chás seo ann ag dhá leibhéal.

125. Is é an chéad léiriú follasach ar chóir dhíobhálach foirceannadh aontaobhach léasanna in aonaid tithíochta poiblí, nó an fhéidearthacht de.

126. Is é an dara léiriú nach bhfuil chomh feiceálach ar chóireáil dhíobhálach ná stiogmatú grúpa eitnigh.

127. Déileálfaidh mé leis an dá léiriú ar idirdhealú díreach ar a seal.

(a) Foirceannadh aontaobhach na léasanna

128. Mar thoradh ar na pleananna forbartha atá i gceist, nó d'fhéadfadh foirceannadh léasanna in aonaid tithíochta poiblí a bheith mar thoradh orthu, rud a cheilfeadh ar thionóntaí a dtithe.

129. De réir Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, is ceart bunúsach a ráthaítear faoi dhlí an Aontais é an áit chónaithe a urramú. D'aithin an Chúirt, ag brath ar chásdlí ECtHR,[60] tábhacht an chirt bhunúsaigh sin, ag cur san áireamh go háirithe gur cur isteach tábhachtach ar an gceart sin é teach teaghlaigh a chailleadh, toisc go gcuireann sé teaghlach an duine lena mbaineann i riocht an-leochaileach.[61]

[60] ECtHR, 27 Meán Fómhair 1995, *McCann agus páirtithe eile* v. *an Ríocht Aontaithe*, (CE:ECHR:1995:0927JUD001898491), agus ECtHR, 25 Iúil 2013, *Rousk* v. *an tSualainn*, (CE:ECHR:2013:0725JUD002718304).

[61] Féach chuige sin, breithiúnas an 10 Meán Fómhair 2014, *Kušionová* (C-34/13, EU:C:2014:2189, míreanna 63 agus 65 agus an cásdlí dá dtagraítear). Deimhníodh an cásdlí sin i mbreithiúnas an 9 Samhain 2023, *Všeobecná úverová banka* (C-598/21, EU:C:2023:845, mír 85).

130. Le linn na n-imeachtaí, cuireadh in iúl nár chaill, nó nach gcaillfeadh, na tionóntaí a bhí i gceist a dteach, toisc go bhfuil oibleagáid dlí ar an gcomhlachas tithíochta athchóiríocht cuí a thairiscint.

131. Gan é a bheith riachtanach dul i mbun na ceiste a mhéid a urramaíodh an ceart athchóireála sin sa chleachtas, rud a bheadh le déanamh ar aon chuma ag an gcúirt náisiúnta a shuíomh, is leor a rá nach bhfuil aon tionchar ag an bhféidearthacht athchóireála ar cheist na héagsúlachta sa chóir.

132. Is é sin le rá, is iad na tionóntaí in aonaid tithíochta poiblí i limistéir thithíochta sóisialta leochaileacha eile, amhail iad siúd a shainítear in Airteagal 61a(1) den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, an comparadóir ábhartha chun teacht ar chonclúid sa chás seo an ann do chóir *is lú fabhar*. Tá na réimsí sin inchomparáide, toisc go gcomhlíonann siad dhá cheann nó níos mó de na critéir shocheacnamaíocha freisin (a bhaineann le coiriúlacht, dífhostaíocht, ioncam íseal agus easpa oideachais), mar aon leis na limistéir chlaochlaithe. Mar sin féin, níl tionóntaí limistéar leochaileach i mbaol a dteach a chailleadh, murab ionann agus iad siúd atá ina gcónaí i limistéir chlaochlaithe. Is é an t-aon difríocht idir an dá limistéar ná go bhfuil níos lú ná 50 % d'inimircigh agus a sliocht ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad i ndaonra na limistéar leochaileach.

133. Dá bhrí sin, fiú má thairgtear athchóiríocht leordhóthanach do thionóntaí i limistéir chlaochlaithe, caitear leo ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna fós i ndáil le tionóntaí i limistéir inchomparáide, ar cónaitheoirí 'Iarthair' iad den chuid is mó. Tá an t-iar-riosca ann go bhfoirceannfar a léasanna, ach níl riosca den sórt sin os comhair na léasanna in aon chor.

134. Le struchtúr reachtaíocht na Danmhairge - lena gcuirtear d'oibleagáid ar na comhlachais tithíochta agus ar na húdaráis áitiúla pleananna forbartha a ghlacadh, ach lena bhfágtar roghanna na mbeart áirithe as a dtiocfaidh laghdú ar líon na n-aonad tithíochta poiblí - cruthaítear pictiúr gurb é an 'rud atá ciontach' chun léasanna a fhoirceannadh ná an plean forbartha nithiúil seachas an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.

135. Mar sin féin, i mo thuairim, ní féidir an dá cheann a scaradh. Mura ndéanfaí idirdhealú idir limistéir leochaileacha agus sochaithe comhthreomhara bunaithe ar an gcritéar eitneach, ní bheadh tionóntaí na sochaithe comhthreomhara - a chomhlíon na critéir le 5 bliana anuas - neamhchosanta ar an mbaol go gcaillfidís a dtithe. De rogha air sin, dá mbeadh gá le pleananna forbartha do limistéir leochaileacha freisin, ní bheadh aon chóir is lú fabhar ann. Mar sin féin, ba é go beacht an critéar eitneach a d'úsáid an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí a thug an difríocht sa chóireáil.

136. Mar a chinn an Chúirt Bhreithiúnais in *CHEZ*, 'is leor, chun go mbeidh idirdhealú díreach ann de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) den [Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach], gur chinn tionscnamh eitneach [Romach] an cinneadh an chóireáil a fhorchur'. [62]

137. Sa chás seo, bhí tionscnamh eitneach ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad na dtionóntaí cinntitheach san oibleagáid pleananna forbartha a ghlacadh. Leis an oibleagáid plean den sórt sin a ghlacadh, cruthaítear an baol go gcaillfear teach duine, rud a fhágann nach bhfuil tionóntaí atá ina gcónaí sna limistéir chlaochlaithe chomh fabhrach céanna le tionóntaí atá ina gcónaí sna limistéir leochaileacha.

[62] *CHEZ*, mír 76.

138. Níos soiléire fós ná in *CHEZ*, áit nach raibh an chuideachta Bhulgárach ag brath go sainráite ar chritéar eitneach, braitheann reachtaíocht ábhartha na Danmhairge go sainráite ar an idirdhealú eitneach idir cónaitheoirí an Iarthair agus cónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an Iarthair iad.

139. Tá an difríocht sa chóireáil, dá bhrí sin, ann *mar gheall* ar an gcritéar eitneach, ar cás soiléir é maidir le hidirdhealú díreach.

140. Ina theannta sin, chun idirdhealú díreach a bhunú, ní dóigh liom go bhfuil sé ábhartha aon rún idirdhealú a dhéanamh a chur i leith reachtas na Danmhairge. [63] Is leor go bhfuil an chóireáil is lú fabhar mar thoradh ar an spleáchas ar chritéar eitneach.

141. Tacaíonn cinntí na Cúirte arís le seasamh den sórt sin in *CHEZ* 'más léir gur tugadh isteach beart as a n-eascraíonn difríocht sa chóir ar chúiseanna a bhaineann le tionscnamh ciníoch nó eitneach, ní mór an beart sin a aicmiú mar "idirdhealú díreach" de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) den [Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach].' [64]

142. Mhínigh Rialtas na Danmhairge gurb é an rún atá taobh thiar den Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí ná iarracht lánpháirtiú níos fearr inimirceach agus a sliocht ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad i sochaí na Danmhairge a chumasú agus a spreagadh. Ní féidir le duine cur i gcoinne rún den sórt sin.

143. Ní féidir cur i gcoinne an chinnidh, má tá bunús eolaíoch leis, go ndéanann inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad imeascadh i sochaí na Danmhairge a bhfuil níos mó deacracht acu ná mar a dhéanann inimircigh agus a sliocht ó thíortha an Iarthair. [65] Is furasta aontú ina leith sin leis an gCoimisiún nár cheart aon topaicí geise a bheith ann i sochaí iolraíoch dhaonlathach. Is céim riachtanach é, i ndáiríre, a aithint go bhfuil míbhuntáiste struchtúrach ag grúpa eitneach laistigh de shochaí ar leith chun fíor-chomhionannas a bhaint amach. [66]

144. Tuigim go bhfuil sé d'aidhm ag dlí comhionannais an Aontais fíor-chomhionannas a bhunú, seachas comhionannas foirmiúil amháin. [67] Sin é an fáth a ndearbhaítear sa Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, mar shampla, go gciallaíonn prionsabal na córa comhionainne ní hamháin nach mbeidh aon idirdhealú díreach ann, ach nach mbeidh aon idirdhealú indíreach ann freisin. Is cineál idirdhealaithe indírigh é idirdhealú struchtúrach atá deacair a dhíothú.

145. Mar sin féin, ní féidir neamhionannais struchtúracha aitheanta a réiteach trí idirdhealú a dhéanamh in aghaidh an ghrúpa eitnigh atá i staid níos deacra cheana féin. Le dlí comhionannais an Aontais, lena n-áirítear an Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach, ceadaítear bearta de

[63] Maidir le fadhbanna a eascraíonn as iarracht a dhéanamh idirdhealú díreach a shainiú trí rún idirdhealaitheach, féach Campbell, C. agus Smith, D., 'Distinguishing Between Direct and Indirect Discrimination', *Modern Law Review*, 2023, lch. 307–330.

[64] *CHEZ*, mír 95.

[65] Níl conclúid den sórt sin inghlactha, áfach, ach amháin má tá sé bunaithe ar fhíricí agus ar thaighde cuí, agus ní má tá sé bunaithe ar steiréitíopaí agus claontachtaí amháin.

[66] Féach, ina leith sin, Marion Young I., agus é á choinneáil '[n]uair a bhíonn tionchar ag neamhionannas struchtúrach ciníochaithe ar an oiread sin institiúidí agus a d'fhéadfadh stiogmatú agus bochtaineacht a dhéanamh ar an oiread sin daoine, ní mór do shochaí a bhfuil sé mar aidhm aici éagóir den sórt sin a cheartú fógra a thabhairt faoi phróisis na difreála ciníocha sular féidir léi iad a cheartú.', in *Structural Injustice and the Politics of Difference*, in Kymlicka, W., *Multicultural Citizenship*, Princeton University Press, 1990 (2011), lch. 79-116, ag lch. 91.

[67] Maidir leis an difríocht, féach, mar shampla, De Vos, M. 'The European Court of Justice and the march towards substantive equality in European Union anti-discrimination law', *International Journal of Discrimination and the Law*, 2020, lch. 62–87. Ar bhonn níos ginearálta, maidir le cineálacha éagsúla cur chuige i dtreo choincheap an chomhionannais, féach McCrudden, C., 'The New Concept of Equality', Acadamh an Dlí Eorpaigh, páipéar arna thabhairt ag Ionad Comhdhála ERA, Trier, an 2-3 Meitheamh 2003.

ghníomhaíocht dhearfach chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais ionsuite den sórt sin.[68] Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit bearta a ghlacadh chun míbhuntáistí a bhaineann le tionscnamh eitneach a chúiteamh. Cé go bhféadfadh bearta den sórt sin dul chun tairbhe don ghrúpa faoi mhíbhuntáiste gan tairbhe a bhaint as grúpaí eile an tráth céanna, ní féidir le bearta gníomhaíochta dearfaí idirdhealú a dhéanamh in aghaidh na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste, fiú má chreidtear go bhféadfadh sé sin dul chun tairbhe do na grúpaí sin san fhadtéarma.

146. Deirtear ‘go bhfuil an bóthar go hifreann pábháilte le dea-rúin’. Go deimhin, d’fhéadfadh sé gur dea-rún a bheadh san iarracht chun comharsanachtaí a éagsúlú. Mar sin féin, ní féidir an t-éagsúlú sin a bhaint amach trí sheasamh nach bhfuil chomh fabhrach céanna a thabhairt do ghrúpa eitneach atá faoi mhíbhuntáiste cheana féin. É sin ráite, sa chás seo, déantar an méid sin le reachtaíocht na Danmhairge.

(b) Stiogmatú

147. Tugann sé seo dom an dara cúis go bhféadfaí an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí a thuiscint mar idirdhealaitheach go díreach: stiogmatú.[69]

148. Chun críocha an phlé seo, tuigim go gciallaíonn stiogmatú go sanntar tréithe atá inmhacasamhlaithe go sóisialta do bhaill de ghrúpa eitneach ar bhonn a mballraíochta den ghrúpa sin nó an ballraíocht a mheastar a bheith acu, agus ar an mbonn sin amháin.

149. In *CHEZ*, mheas an Chúirt go bhfuil cineál ionsaitheach agus stiogmataithe an chleachtais atá i gceist sa chás sin, a ghlac leis go bhféadfadh gach ball de ghrúpa eitneach a bheith ina dhéantóirí iompair neamhdhleathaigh, ar cheann de na cúiseanna le cóir nach bhfuil chomh fabhrach sin a bhunú.[70]

150. Ar an gcaoi chéanna, d’fhéadfaí a thuiscint go bhfuil reachtaíocht idirdhealaitheach ar bhonn tionscnamh eitneach má tá sí bunaithe ar steiréitíopaí agus réamhchlaontaí ginearálaithe faoi ghrúpa eitneach.[71]

151. I ndáil leis sin, tugann an t-ordú tagartha sleachta áirithe ar aird ó na gníomhartha ullmhúcháin don Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.[72] I dtogra 2010 maidir le sainiú dlíthiúil ar gheiteonna, luadh gur cheart trí chritéar a úsáid chun iad a shainmhíniú: (i) cion na n-inimirceach agus a sliocht ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad, (ii) dífhostaíocht agus (iii) ciontuithe coiriúla. Maíodh freisin go léiríonn gach ceann de na trí chritéar sin, agus dá bhrí sin ‘neamh-Iarthair’ mar chritéar ann féin, go bhfuil fadhb shóisialta ann. Thug straitéis Rialtas na Danmhairge, mar a luaitear i mír 25 thuas, faoi deara go bhfuil cumainn chomhthreomhara - is é sin, iamhchríocha daoine nach nglacann páirt ghníomhach i sochaí na Danmhairge - curtha le chéile i measc cónaitheoirí nach cónaitheoirí de chuid an Iarthair iad. De réir an doiciméid sin, ní bhíonn na daoine sin rannpháirteach agus ní dhéanann siad iarracht fiú a bheith rannpháirteach go gníomhach i sochaí na Danmhairge agus i margadh an tsaothair. Ní chloíonn siad le luachanna na Danmhairge, mar shampla go meastar go bhfuil stádas níos ísle ag mná ná atá ag

[68] Airteagal 5 den Treoir maidir le Cine nó Tionscnamh Eitneach.

[69] D’fhorbair roinnt scoláirí an togra gur cheart gurb é cuspóir an dlí frith-idirdhealaithe an troid i gcoinne stiogmataithe. Féach, Solanke, I.. *Discrimination as Stigma: A Theory of Anti-discrimination Law*,: Hart, Oxford, 2017.

[70] *CHEZ*, mír 87 i ndáil le mír 84.

[71] Mar inspioráid, is féidir brath anseo ar thorthaí ECtHR i mbreithiúnas an 24 Bealtaine 2016, *Biao* v. *an Danmhairg*, (CE:ECHR:2016:0524JUD003859010), a pléadh ag an éisteacht. Féach, go háirithe, mír 126 den bhreithiúnas sin.

[72] Féach míreanna 99 go 103 den ordú tagartha seo.

fir, agus go gcuireann rialú sóisialta agus easpa comhionannais teorainneacha cúnga ar shaoirse cainte daoine aonair.[73] Is é an rud atá i gceist, dá bhrí sin, a luadh sa straitéis sin, ná 'an bís dhiúltach frithchultúir'.

152. Trí ginearálú á dhéanamh ar na saintréithe sin a mheastar a bheith diúltach agus do-ghlactha sa Danmhairg mar shaintréithe a chuirtear i leith na n-inimirceach uile agus a sliocht ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad, is cosúil nach amháin go bhfuil an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí bunaithe ar chlaontacht, ach go gcuireann sé freisin le buanú na steiréitíopála agus an stiogmataithe sin.

153. Ag an am céanna, ní cosúil go bhfuil aon fhianaise chuí ann go bhfuil cumainn chomhthreomhara ann ná maidir lena bhfoirmiú go heisiach i measc inimircigh ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad.[74] Ar ndóigh, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé é sin a fhíorú. Mar sin féin, nuair a iarradh ar Rialtas na Danmhairge ag an éisteacht cur síos a dhéanamh ar na critéir ar a mbonn a thángthas ar an gconclúid nach bhfuil duine comhtháite i sochaí na Danmhairge, d'agair sé na critéir shocheacnamaíocha lena sainítear sochaithe leochaileacha agus easpa eolais ar an Danmhairgis. Ní thugtar le fios leis na critéir sin, iontu féin, nach bhfuil daoine a bhfuil post den sórt sin acu 'ag iarraidh' lánpháirtiú i sochaí na Danmhairge, ná nach bhfuil deacrachtaí lánpháirtíochta den sórt sin ach ag 'inimircigh ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad agus a sliochtaigh'.

154. Thug eagraíochtaí idirnáisiúnta dá n-aire freisin acmhainneacht stiogmataithe an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí. Dá bhrí sin, chuir Coiste na Náisiún Aontaithe um Idirdhealú Cinioch a Dhíothú in iúl gur cúis imní dó go bhféadfadh imeallú agus stiogmatú na ndaoine sin a aicmítear mar 'dhaoine ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' a bheith mar thoradh ar na téarmaí 'Iarthar' agus 'Neamh-Iarthair' mar a úsáidtear sa reachtaíocht sin agus i mbeartais sa Danmhairg, agus go bhféadfadh sé idirdhealú a chruthú idir na téarmaí sin a mheastar a bheith ina 'bhfíor-Dhanmhargaigh' agus 'daoine eile'.[75] Agus measúnú á dhéanamh aige ar 'phlean na sochaí comhthreomhaire', tháinig an Coiste sin ar an gconclúid go bhféadfadh stiogmatú i réimsí éagsúla den saol, amhail fostaíocht, tithíocht agus rochtain ar sheirbhísí, a bheith mar thoradh ar ghné idirdhealaitheach eitneach agus chiníoch a chur leis na dlíthe.[76]

155. Ar an gcaoi chéanna, thug an Coiste um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha faoi deara 'go mbíonn idirdhealú bunaithe ar thionscnamh eitneach agus ar náisiúntacht mar thoradh ar an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí, ach go ndéantar na cónaitheoirí sin a imeallú tuilleadh [ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad].'[77]

156. Dá bhrí sin, go paradacsúil, is cosúil go bhfuil a mhalairt de éifeacht ag reachtaíocht na Danmhairge a achtaíodh chun cabhrú le hinimircigh agus lena sliocht ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad imeascadh ar bhealach níos éasca i sochaí na Danmhairge. Trí stiogmatú a bhuanú ar

[73] San aistriúchán díreach, luadh an méid seo a leanas i bhfoclaíocht an phlean: 'Tá grúpa saoránach faighte againn nach nglacann go hiomlán le noirm agus luachanna na Danmhairge. Uaireanta meastar go bhfuil luach níos lú ag mná ná fir. I gcás ina gcuireann rialú sóisialta agus neamhionannas inscne srianta cúnga ar shaoirsí aonair uaireanta'; tógtha ó Tireli U., 'Shaping Strict Migrant Policies through Housing Strategies in Denmark', *Migration and Diversity*, 2024, lch. 151-163, ag lch. 160.

[74] Féach, mar shampla Barse, M. 'Parallelsamfund er noget, politikerne har opfundet', an 20 Feabhra 2018, (ar fáil ag https://videnskab.dk/kultur-samfund/parallelsamfund-ernoget-politikerne-har-opfundet)(meaisín aistrithe go Béarla).

[75] Féach an Coiste um Idirdhealú Cinioch a Dhíothú, *op. cit.*, mír 10.

[76] *Ibid*, mír 12.

[77] Féach an Coiste um Chearta Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha, *op. cit.*, mír 51.

fhorais eitneacha, fágann sé go bhfuil sé níos deacra do bhaill an ghrúpa ‘inimircigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad agus a sliochtaigh’ post a fháil, meas a fháil agus páirt a ghlacadh ar chomhchéim i sochaí na Danmhairge.

157. Mar fhocal scoir, is cosúil, dá bhrí sin, go ndéanann scéim reachtach na Danmhairge, a thuigtear mar an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí mar aon leis na pleananna forbartha nach mór a ghlacadh ar bhonn an dlí sin, idirdhealú díreach ar bhonn critéar eitneach (‘neamh-Iarthair’). Ar an gcéad dul síos, tugann an scéim sin gach duine a bhaineann le critéar den sórt sin chuig staid fhorbhásach maidir le slándáil a gcirt chun tí, rud a fhágann nach gcaitear chomh fabhrach céanna leo i gcomparáid le tionóntaí comharsanachtaí inchomparáide eile. Ar an dara dul síos, déanann sé stiogmatú ar an ngrúpa eitneach ar aithníodh a mhíbhuntáiste struchtúrach ina gcumas lánpháirtiú i sochaí na Danmhairge, rud a laghdaíonn seachas a fheabhsaíonn a ndeiseanna lánpháirtiú sa tsochaí sin.

158. Ar bhonn an mhéid sin roimhe seo, molaim don Chúirt freagra a thabhairt ar an dara ceist sa chaoi go bhfuil idirdhealú díreach i gceist le scéim reachtaíochta na Danmhairge a tugadh isteach ar bhonn an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí.

2. Réiteach malartach: Idirdhealú indíreach

159. Mheas an Coimisiún gur cheart na cásanna as ar eascair na cásanna atá ar feitheamh os comhair na cúirte a rinne an tarchur a aicmiú mar idirdhealú indíreach.

160. De réir an Choimisiúin, is amhlaidh sin toisc nár roghnaíodh na tionóntaí ar foirceannadh a léasanna ar bhonn critéar eitneach. I gceantar Ringparken, ba iad na critéir ná leibhéal ioncaim agus ciontuithe coiriúla na dtionóntaí nó a gcomhpháirtithe le 6 mhí anuas. I gceantar Mjølnerparken, díoladh dhá bhloc iomlán agus b’éigean gach léas a fhoirceannadh. I measc na dtionóntaí sin, áfach, bhí go leor acu ina saoránaigh Dhanmhargacha a rugadh sa Danmhairg agus nach mbaineann leis an ngrúpa ‘inimircigh agus a sliocht ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’.

161. Dá bhforlódh an Chúirt an cás ar an mbealach sin, molaim gur cheart tionchar an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí ar fhoirceannadh na léasanna a léiriú ar a laghad mar idirdhealú indíreach.

162. Faoin Dlí sin, níl pleananna forbartha, a raibh foirceannadh aontaobhach léasanna mar thoradh orthu i gcásanna áirithe, le bunú ach amháin sna limistéir inar ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’ iad níos mó ná 50 % de na háitritheoirí. Tugann matamaitic shimplí a chuirtear i bhfeidhm i gcás den sórt sin le fios go bhfuil seans níos fearr ann go gcuirfear deireadh le léas ‘duine ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’ ná léas ‘duine ón Iarthair’ toisc go bhfuil a fhios roimh ré go bhfuil níos mó ‘daoine ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad’ ná ‘daoine ón Iarthair’ a bhfuil cónaí orthu sa chomharsanacht.

163. Dá bhrí sin, mar a mhaígh an Coimisiún, tá baol níos airde ann go bhfoirceannfar a léasanna do na hinimircigh agus dá sliochtaigh ó thíortha nach tíortha den Iarthar iad.

164. Tarlaíonn idirdhealú indíreach nuair a bhíonn tionchar ag riail neodrach ar ghrúpa eitneach amháin go staitistiúil níos mó ná grúpaí eile.

165. Mar sin féin, is féidir an míbhuntáiste áirithe sin a fhulaingíonn grúpa eitneach amháin a chosaint má tá aidhm dhlisteanach ag riail neodrach go saothraíonn sí ar bhealach comhréireach. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an measúnú sin a dhéanamh.

166. Is é an argóint anseo ná go nglactar bearta i gcomharsanachtaí ina bhfuil formhór an daonra de 'dhaoine ó thíortha nach tíortha de chuid an Iarthair iad' chun a n-imeascadh níos fearr i sochaí na Danmhairge a chumasú.[78] Trí struchtúr na comharsanachta a athrú, tuigtear go bhfeabhsaítear an lánpháirtiú sin.

167. Chun a mheas an bhféadfadh údar a bheith leis an idirdhealú indíreach, beidh ar an gcúirt náisiúnta a shuí ar dtús cad a thuigeann reachtas na Danmhairge mar lánpháirtiú rathúil i sochaí na Danmhairge. Ag an éisteacht, mhínigh Rialtas na Danmhairge go mbeadh rannpháirtíocht sa lucht saothair, easpa ciontuithe coiriúla agus eolas ar an Danmhairgis i gceist leis sin.

168. Tá gá le tuiscint a fháil ar a bhfuil i gceist le lánpháirtiú rathúil má tá an chúirt chun bogadh ar aghaidh chuig an anailís chomhréireachta. Sa chleachtadh sin, ní mór don chúirt náisiúnta a fhiafraí ar dtús an féidir leis an laghdú ar líon na n-aonad tithíochta poiblí trí léas a fhoirceannadh i gcomharsanachtaí áirithe lánpháirtiú a bhaint amach (fostaíocht níos fearr, litearthacht sa Danmhairgis, laghdú ar choiriúlacht srl.). Ar an gcaoi chéanna, beidh air measúnú a dhéanamh ar chomhsheasmhacht an bhirt sin agus an bhfuil cúis ann le bearta a achtú chun inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad a lánpháirtiú, agus iad sin amháin. Má tá cinneadh beartais den sórt sin bunaithe ar chlaontacht shóisialta atá i réim agus ní ar an bhfáisnéis eolaíoch a chomhtháthaíonn na hinimircigh sin le níos mó deacrachta, féadfar an sprioc beartais a chur i gceist.[79]

169. Sa chéad chéim eile den anailís chomhréireachta, ní mór don chúirt náisiúnta a mheas an raibh gá le laghdú ar líon na n-aonad tithíochta poiblí chun lánpháirtiú a bhaint amach. Is amhlaidh a bheadh mura bhféadfaí an aidhm chéanna a bhaint amach trí bhearta nach bhfuil chomh sriantach céanna do chearta tithíochta na dtionóntaí atá i gceist. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gcúirt tuilleadh sonraí a chur isteach in argóintí Rialtas na Danmhairge gur bhain siad triail as bearta eile cheana féin ach gur theip orthu. Ar deireadh, fiú más beart iomchuí agus riachtanach é an laghdú ar thithíocht phoiblí chun spriocanna an lánpháirtithe a bhaint amach mar a leagadh síos sa reachtaíocht iad, ceanglaítear le céim dheiridh na hanailíse comhréireachta ar an gcúirt náisiúnta luach na haidhme sin a chothromú le déine an chur isteach ar chearta chun tithíochta. Má mheastar go ndearnadh dochar iomarcach do cheart den sórt sin, d'fhéadfadh an chúirt a mheas go bhfuil an beart díréireach, rud a d'fhéadfadh a cheangal ar an reachtas cuspóir dlisteanach na lánpháirtíochta a athchoincheapú.

170. Dar liom, agus ar na cúiseanna a ndearna mé mionléiriú orthu i míreanna 130 go 153 agus mír 156 den Tuairim seo, tá amhras orm gur féidir údar a thabhairt le reachtaíocht tithíochta poiblí na Danmhairge tríd an aidhm lánpháirtiú 'inimircigh agus a sliocht ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad' a chumasú. I gcás ar bith, mar a mhínigh mé cheana féin, ní dóigh liom go bhfuil sé áititheach gur féidir tionchar an chritéar 'Iarthair/Neamh-Iarthair' sa Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí ar fhoirceannadh léasanna a fhorléiriú mar riail neodrach.

[78] Fiú más léir gur aidhm inmhianaithe agus dhlisteanach é comhtháthú a chumasú, tá sé i bhfad ó bheith éasca teacht ar an líne chuí idir ilchultúrachas agus glacadh le difríochtaí agus teorainneacha na caoinfhulaingthe. Le haghaidh plé ginearálta, féach Joppke, C., 'The retreat of multiculturalism in the liberal state: theory and policy', *The British Journal of Sociology*, 2004, lch. 237-257.

[79] Féach, de réir analaí, breithiúnais an 17 Iúil 2008, *Corporación Dermoestética* (C-500/06, EU:C:2008:421, mír 39); an 4 Iúil 2019, *an Coimisiún* v *an Ghearmáin* (C-377/17, EU:C:2019:562, mír 92) agus an 3 Feabhra 2021, *Fussl Modestraße Mayr* (C-555/19, EU:C:2021:89, mír 70).

171. Dá bhrí sin, molaim go gcinnfidh an Chúirt gur idirdhealú díreach, seachas idirdhealú indíreach, é an staid amhail an staid a cruthaíodh leis an Dlí maidir le Tithíocht Phoiblí sa Danmhairg.

IV. Conclúid

172. I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais na ceisteanna a tharchuir Østre Landsret (Ard-Chúirt Oirthear na Danmhairge, an Danmhairg) mar seo a leanas:

(1) Ní mór an téarma ‘tionscnamh eitneach’ in Airteagal 1 agus Airteagal 2 de Threoir 2000/43/EC ón gComhairle an 29 Meitheamh 2000 lena gcuirtear chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne idir daoine gan beann ar thionscnamh ciníoch nó eitneach

a léiriú sa chaoi go gcumhdaítear leis grúpa daoine a shainmhínítear mar ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’.

(2) Ní mór an scéim ina n-úsáidtear coincheapa amhail ‘inimircigh agus a sliochtaigh ó thíortha nach tíortha an Iarthair iad’ chun comharsanacht a chatagóiriú ina bhfuil roinnt aonad tithíochta poiblí le laghdú

a léiriú mar scéim atá idirdhealaitheach go díreach de réir bhrí Airteagal 2(2)(a) de Threoir 2000/43.